# Clár


**RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH** ... *page* **2**

**TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH** ... *page* **4**

**BUNEOLAS MAIDIR LE OBAIR AN WDC** ... *page* **7**
- Réamhrá ... *page* **7**
- Eagar agus Struchtúr ... *page* **8**
- Réigiún i mbun athraithe ... *page* **8**

**OBAIR PHOLASAÍ AGUS FHORBARTHA AN WDC** ... *page* **9**
- Béim ar Bhailte Leathmhóra an Iarthair ... *page* **9**
- Infrastruchtúr Teileachumarsáide ... *page* **10**
- Iompar ... *page* **11**
  - *Bóithre* ... *page* **11**
  - *Iarnród* ... *page* **11**
- Fuinneamh ... *page* **13**
  - *Leictreachas* ... *page* **13**
  - *Gás* ... *page* **13**
  - *Fuinneamh inathnuaite* ... *page* **14**
- Measúnú Lárthéarma ar an NDP ... *page* **15**
- Turasóireachta ... *page* **16**
  - *Polasaí Náisiúnta Turasóireachta* ... *page* **18**
- Táirgiú Agra-bhia Orgánaigh ... *page* **19**
  - *Comhdháil Náisiúnta Orgánaic* ... *page* **19**
  - *The Western Organic Strategic Initiative (WOSI)* ... *page* **20**

**CISTE INFHEISTÍOCHTA AN IARTHAIR** ... *page* **21**
- Ról an WIF ... *page* **21**
- An WIF go hachomair ... *page* **22**
- Bliain faoi Rath ag an WIF ... *page* **22**
- Infheistíocht a íocadh sa bhliain 2003 ... *page* **23**
- Infheistíocht a ceadaíodh sa bhliain 2003 ... *page* **24**
  - *Postanna inchruthaithe/inchoinnithe agus cumas ardaithe an chiste* ... *page* **25**
- Páirtnéireacht maidir le hInfheistíocht Shóisialta ... *page* **26**
- Cás-staidéir ... *pages* **21-27**

**DUL CHUN CINN I gCÚRSAÍ RIARACHÁIN** ... *page* **28**

***Aguisín 1:*** Comhaltaí Choimisiún Forbartha an Iarthair sa bhliain 2003 ... *page* **30**
***Aguisín 2:*** Foireann Choimisiún Forbartha an Iarthair ... *page* **30**
***Aguisín 3:*** Painéal Comhairleach an Chiste ... *page* **31**
Comhphainéal Measúnaithe ... *page* **31**
***Aguisín 4:*** Portfolio Tograí na bliana 2003 ... *page* **32**


## NODA ATÁ IN ÚSÁID SA TUARASCÁIL SEO

- **BMW** ... Border, Midland and West
- **BMW OP** ... Border, Midland and West Operational Programme
- **ISC** ... Information Society Commission
- **IT** ... Institute of Technology
- **MAN** ... Metropolitan Area Network
- **MSE** ... Managed Service Entity
- **NDP** ... National Development Plan
- **NOW** ... New Opportunities for Women
- **NSS** ... National Spatial Strategy
- **OP** ... Operational Programme
- **REP** ... Renewable Energy Project
- **S&E** ... Southern and Eastern
- **SRR** ... Strategic Rail Review
- **WDC** ... Western Development Commission
- **WDTP** ... Western Development Tourism Programme
- **WIF** ... Western Investment Fund
- **WOSI** ... Western Organic Strategic Initiative
- **WRC** ... Western Rail Corridor

# Réamhrá an Chathaoirligh



Is iomaí cor curtha de ag Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) ó bunaíodh é sa bhliain 1999 mar chomhlacht reachtúil ar ar leagadh cúram forbartha Réigiún an Iarthair.[1] Tugann an WDC faoin obair sin ar bhealaí éagsúla, ina measc imirt tionchair ar pholasaí, infheistíocht i bhfiontair thráchtála agus phobail agus comhordú a dhéanamh ar thionscnaimh forbartha.

Is iomaí dúshlán le tabhairt faoi i gcónaí. Tá athrú suntasach ag teacht ar an réigiún mar is léir ó thorthaí Dhaonáireamh na bliana 2002 a foilsíodh i mbliana. Den chéad uair ó aimsir an Ghorta Mhóir tháinig fás ar an daonra i ngach ceann de seacht gcontae an iarthair, agus tharla imirce shuntasach isteach sa réigiún. Fáiltíonn an WDC roimh na comharthaí seo go bhfuil breis beochta sa réigiún agus é níos tarraingtí.

Tá an WDC dírithe i gcónaí ar fhorbairt réigiúnach chothrom. Táthar ag leanacht ag obair d'fhonn a chinntiú go bhféadann Réigiún an Iarthair iomaíocht a dhéanamh le codanna eile d'Éirinn ar bhealaí go leor, téarmaí infrastruchtúir, deiseanna forbartha agus fáil ar airgeadú ina measc. Ba chúis díomá é an Measúnú Lár-Théarma ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP), príomhpholasaí an Rialtais maidir le forbairt réigiúnach chothrom a chinntiú, nuair a léiríodh go raibh caiteachas i rith na bliana 2003 i Réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair (BMW) (ina gcuimsítear sé cinn de sheacht gcontae an iarthair) chun deiridh i gcomparáid le Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (S&E) atá níos saibhre. Chuir an WDC imní mar gheall air sin in iúl in aighneachtaí leis an measúnóireacht ar an NDP agus na Cláir Oibriúcháin a thagann faoina scáth. Tá an WDC ag féachaint lena chinntiú go mbíonn malairt scéil ann ar feadh an chuid eile de thréimhse an NDP.

Tá Réigiún an Iarthair ar cheann de na ceantracha is mó a mbaineann réimsí tuaithe leis in Éirinn. Ina fhianaise sin, tá tábhacht ar leith ag an WDC le cúrsaí na tuaithe agus le forbairt tuaithe. I rith na bliana 2003, d'fhéach an WDC leis na hathruithe atá ag tarlú i Réigiún an Iarthair a thuiscint maidir le pátrúin daonra agus le fiontraíocht agus fostaíocht. Ba suntasach an beart é aontú athruithe bunúsacha ar an gComhbheartas Talmhaíochta i rith na bliana 2003 a mbeidh tuilleadh athruithe móra i gceantracha tuaithe an réigiúin de thoradh orthu. San airdeall mar gheall air sin, leanfaidh an WDC ag tabhairt tús áite do cheisteanna tuaithe san am atá romhainn.

Is iomaí codarsnacht idir ceantracha éagsúla i Réigiún an Iarthair i dtéarmaí borradh eacnamaíochta, athrú daonra agus méid na forbartha. Creideann an WDC go bhfuil tábhacht le scaipeadh bhuntáiste na forbartha ar fud an réigiúin, i gceantracha uirbeacha agus tuaithe. Dá réir sin, bhí béim thábhachtach san obair ar na bailte leathmhóra i rith na bliana 2003, agus foilsíodh dá thoradh sin an tuarascáil *Jobs for Towns: Small and Medium-Sized Towns on Radial Routes in the Western Region* inar tarraingíodh aird ar acmhainn fiche de na bailte leathmhóra sa réigiún glacadh le hinfheistíocht agus inar cuireadh béim ar ról tábhachtach na hinfheistíochta isteach, poiblí agus príobháideach, i bhforbairt a leithéidí de bhailte.

[1] Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Ros Comáin, Maigh Eo, Gaillimh agus An Clár.

# Réamhrá an Chathaoirligh

D'fháiltigh an WDC go mór roimh an gcinneadh dílárnú a dhéanamh ar ranna agus forais rialtais go dtí gach contae de sheacht gcontae an iarthair. Tá iomlán de 1,925 post le dílárnú go dtí Réigiún an Iarthair, agus an mháthair-roinn againn (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta) le bheith ina comharsa inár ngaobhar ag Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire.

Measann an WDC gur cineál fíorthábhachtach den infheistíocht isteach é an dílárnú, cineál ar féidir leis brostú a chur faoi fhorbairt réigiúnach agus faoi athghineadh na tuaithe. San aighneacht a rinne sé mar chuid den phróiseas comhairliúcháin don Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) sa bhliain 2001, leag an WDC béim ar an éifeacht borrtha a d'fhéadfadh a bheith le dílárnú. Trí fhostaíocht sheasmhach, fhadtéarmach a chur ar fáil, is féidir le dílárnú céim mhór chun chinn a thabhairt don eacnamaíocht áitiúil. Chomh maith leis sin, is féidir leis an bhfás sa daonra agus ar an mbeartaíocht eacnamaíochta a eascraíonn ó theacht a leithéid d'fhostaíocht, de phobal agus de chumas ceannacháin a bheith ina chúis mhaith le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh san infrastruchtúr agus cur leis an úsáid a bhaintear ar an infrastruchtúr atá ann cheana féin.

Is cúis áthais don WDC chomh maith go bhfuiltear ag tabhairt feabhas an tsaoil is féidir a chaitheamh i bpobail tuaithe agus i mbailte beaga faoi deara de réir a chéile agus é faoi mheas. Tá buanna nach beag ag Réigiún an Iarthair chomh fada agus a bhaineann leis sin, ó tá timpeallacht ghlan, seirbhísí cúram linbh níos saoire, níos lú brú tráchta, áiseanna oideachais maithe, ráta coiriúlacht íseal, oidhreacht chultúir bheo agus réimse deiseanna fóillíochta ar fáil ann. Is é tuairim an WDC go bhfágann na gnéithe sin uilig gur áit an-mhealltach é an réigiún chun maireachtála agus chun oibre ann agus gur chóir bolscaireacht a dhéanamh mar gheall air.

Ba bhliain mhaith í an bhliain 2003 ag Ciste Infheistíochta an Iarthair (WIF) agus ardú suntasach ar leibhéal na n-iarratas, na gceaduithe agus na n-íocaíochtaí. Rinne an WDC infheistíocht de €3.7m tríd an WIF i réimse an-leathan tograí i rith na bliana 2003, níos mó ná dhá oiread leibhéal infheistíochta na bliana roimhe sin. Agus an infheistíocht iomlán de €5.7m ceadaithe don bhliain 2003, tá an WIF ag teannadh anois lena lán-chumas. Fáiltíonn an WDC roimh mhuinín an Rialtais san WIF mar a léiríodh sin trí dháiliúchán ardaithe de €4m le haghaidh infheistíochta sa bhliain 2004.

Tá an WDC ag tnúth le tionchar na buntáiste ar bhailte ón dílárnú, agus le hinfheistíocht shuntasach i mbailte geata agus i mbailte croíphointe ag eascairt ón NSS. Ina dhiaidh sin féin, is den riachtanas é maidir le forbairt Réigiún an Iarthair go gcuirfear dlús le soláthar infrastruchtúir, go háirithe maidir le bealaí tráchta réigiúnacha agus teileachumarsáid.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine a d'oibrigh in éineacht leis an WDC nó a thacaigh leis i rith na bliana 2003, go háirithe le hÉamon Ó Cuív, T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le comhaltaí an Choimisiúin agus le gach duine a bhí páirteach san WIF agus i bpainéil chomhairleacha éagsúla an WDC. Ba mhaith liom chomh maith comhghairdeas a dhéanamh leis an bPríomhfheidhmeannach, Lisa McAllister, agus leis an bhfoireann as a ndúthracht agus as toradh a ndíograis sa bhliain 2003. Tá an WDC ag tnúth le forbairt leanúnach ar a chuid oibre agus tuilleadh den rath sa bhliain 2004.

Michael Farrell

Cathaoirleach

# Tuairisc an Phríohmfheidhmeannaigh

Ba bhliain an-ghnóthach an bhliain 2003 ag an WDC, ag cur dlúis le hobair sna príomhréimsí, polasaí, forbairt agus infheistíocht agus ag leathnú ar pháirt an WDC i gceisteanna tábhachtacha eile maidir le forbairt an iarthair.

I rith na bliana 2003, d'fhoilsigh an WDC *Jobs for Towns : Small and Medium-Sized Towns on Radial Routes in the Western Region*, tuairisc ar an infheistíocht isteach, idir phoiblí agus phríobháideach, i mbailte leathmhóra an réigiúin. Léiríodh acmhainn fiche baile leathmhór sa réigiún glacadh le hinfheistíocht agus a tharraingtí agus atá siad mar shuíomh d'infheistíocht isteach sa tuairisc.

Tháinig foilsiú na tuairisce sin go tráthúil le fógairt na dílárnaithe ag an Rialtas, rud a raibh an-fháilte againn roimhe. Bhí aird á tharraingt ar an éifeacht bhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag dílárnú ar bhailte agus ar cheantair thuaithe an réigiúin in aighneacht an WDC maidir leis an NSS sa bhliain 2001 agus ina chuid oibre ó shin.

Ba léir riamh don WDC an ról tábhachtach atá ag infrastruchtúr maidir le forbairt réigiúnach agus a riachtanaí agus atá sé go mbeadh an réigiún inchomórtais le codanna eile den tír atá níos forbartha agus acmhainní infrastruchtúir níos fearr curtha iontu. Chun na críche sin, tá forbairt infrastruchtúir ar cheann de phríomhghnéithe na hoibre ag an WDC. Bhí infrastruchtúr iarnróid go mór faoi thrácht sa bhliain 2003 le foilsiú an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid. Lean an WDC chomh maith dá dhúthracht ag cinntiú go bhfreastalaíonn an polasaí agus an t-infrastruchtúr teileachumarsáide ar riachtanais an réigiúin. Rinneadh sin trí bhallraíocht ar Choimisiún Shochaí an Eolais agus trí pháirt san obair ar chúrsaí leathanbhanda agus agus forbairt réigiúnach. Chomh maith leis sin, bhí béim ag an WDC i rith na bliana 2003 ar an infrastruchtúr tráchta bóthair agus aeir agus ar cheisteanna infrastructúr fuinnimh.



Tháinig an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) faoi mheasúnú lárthéarma i rith na bliana 2003. I bhfianaise thábhacht an NDP d'fhorbairt an réigiúin, rinne an WDC roinnt aighneachtaí maidir leis sin inar leagadh béim ar an ngá atá le teacht leis na spriocanna maidir le caiteachas sa Réigiún BMW nach bhfuil chomh forbartha sin (agus ina bhfuil contaeth uile Réigiún an Iarthair seachas Contae an Chláir). Cuireadh imní in iúl in aighneachtaí an WDC chomh maith faoin gcaiteachas, i gcuid mhaith réimsí buiséid, a dhéanamh níos túisce i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir atá níos forbartha.

Bhí obair fhorbartha an WDC i rith na bliana 2003 dírithe ar thionscnaimh straitéiseacha in earnálacha na n-acmhainní nádúrtha, ina measc, turasóireacht tuaithe, agra-bhia orgánach agus fuinneamh in-athnuaite. Mar chuid dá chuid oibre ar ghrúpa stiúrtha Chlár Fhorbairt Turasóireachta an Iarthair (WDTP) ba chúis áthais don WDC an chéad tionscnamh eiceathurasóireachta in Éirinn a sheoladh – an Bosca Glas – i rith na bliana 2003. Bhí an WDC rannpháirteach chomh maith i bhforbairt an chéad bróisiúr eadar-réigiúnach san iarthar agus rinne an WDC comhordú ar thionscnamh oiliúna nua do sholáthróirí táirge turasóireachta san iar-thuaisceart.

Reáchtáil an WDC, i gcomhar le Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Comhdháil Náisiúnta Orgánaic i mí Deireadh Fómhair 2003, agus chuir Tionscnamh Straitéiseach Orgánaic an Iarthair (WOSI), agus an WDC ag soirbhiú dó, tús le tionscnamh oiliúna agus caidrimh réigiúnach dhá bhliain faoin gClár Skillsnet. Dhaingnigh na himeachtaí sin ról an WDC i bhforbairt an táirgíocht agra-bhia orgánaigh i Réigiún an Iarthair.

# Tuairisc an Phríohmfheidhmeannaigh

Choimisiúnaigh an WDC staidéar ar Úinéireacht Phobail ar Thograí Feirm Ghaoithe i gcomhar le grúpaí pobail as Dún na nGall agus Maigh Eo sa bhliain 2003. Tá buntáiste iomaíochta dáiríre ag Réigiún an Iarthair maidir leis an acmhainn fuinneamh ghaoithe agus scrúdaítear sa togra sin cén chaoi ar féidir leis bheith ina bhuntáiste ag pobail áitiúla.

Tá bonn maith anois faoi Chiste Infheistíochta an Iarthair (WIF) agus bhí bliain thar na bearta aige sa bhliain 2003. Tá sé tagtha in inmhe mar fhoinse aitheanta síolchaipitil agus chaipitil fhoráis ag tograí tráchtála i Réigiún an Iarthair agus is foinse thábhachtach airgid é ag infheistíocht shóisialta chomh maith. Sa bhliain 2003, rinne an WIF infheistíocht iomlán de €3.7m a íocaíodh i leith 23 togra, suim is ionann agus ardú de 140% ar leibhéal íocaíochta na bliana 2002. Ceadaíodh iomlán de €5.7m i leith 27 togra sa bhliain 2003, ardú de 170% i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Baineann féidearthacht chruthaithe nó choinnithe 850 post sa réigiún, go leor acu i gceantair thuaithe, leis na tograí ar cheadaigh nó ar íoc an WIF infheistíocht ina leith i rith na bliana 2003. Go deimhin, ba i gceantair thuaithe (mar a shainmhínítear sin ag an NSS) a tharla os cionn 70% d'infheistíocht an WIF i rith na bliana 2003. Bhí an WDC an-sásta le teacht chun cinn an WIF sa bhliain 2003 agus táthar ag súil go leanfaidh sin sna blianta atá romhainn, go háirithe nuair a thosaíonn an Ciste ag fáil ais-íoc ar an infheistíocht ionas gur féidir ath-infheistiú a dhéanamh i dtograí eile.

Leanann an WDC den chaidreamh ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta d'fhonn tuiscint a fháil ar na ceisteanna móra agus ar athruithe móra agus d'fhonn an dearcadh réigiúnach atá aige ar fhorbairt an iarthair a chur i láthair chomh maith. Cuidíonn comhaltacht an WDC ar an ocht mBord Forbartha Cathrach agus Contae sa réigiún agus an ról atá aige ar réimse coistí réigiúnacha agus náisiúnta agus i bhfóraim eile leis sin.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghlacadh leis an gCathaoirleach, Michael Farrell Uasal, le comaltaí an Choimisiúin agus le gach duine a ghlac páirt sna painéil chomhairleacha éagsúla ag an WIF agus an WDC as ucht a gcuid tacaíochta agus a gcuid spreagtha i rith na bliana 2003, agus le foireann an WDC as a ndúthracht agus a ndíogras maidir le hobair na heagraíochta. Mar fhocal scoir, táim buíoch do na heagraíochtaí agus do na daoine aonair ar fad, i Réigiún an Iarthair agus ar fud na tíre, a chaith am agus fuinneamh ag cuidiú leis an WDC i rith na bliana 2003. Táimid ag tnúth le leanacht lenár gcuid oibre agus le cur tuilleadh le forbairt an iarthair san am atá romhainn.

Lisa McAllister

Príomhfheidhmeannach

# Buneolas maidir le obair an WDC



Comhaltaí Boird an WDC

## Réamhrá

Foras reachtúil é Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) a spreagann, a chothaíonn agus a chuireann chun cinn forbairt eacnamúil agus sóisialta i Réigiún an Iarthair. Tá na seacht gcontae seo a leanas i Réigiún an Iarthair: Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus An Clár.

An WDC:

- Comhlacht reachtúil atá dírithe go sainiúil ar Réigiún an Iarthair. Ceann de phríomhaidhmeanna na heagraíochta a chinntiú go mbíonn leas an Iarthair san áireamh i gcónaí ag na leibhéil is airde den Rialtas
- Oibríonn sé chun a chinntiú go mbíonn éifeacht leis an bpolasaí eacnamaíochta agus sóisialta ag freastal ar riachtanais fhorbartha Réigiún an Iarthair, go háirithe chomh fada agus a bhaineann le táirgíocht agus infrastruchtúr. Baineann monatóireacht ar cheisteanna forbartha i Réigiún an Iarthair chomh maith le súil a choinneáil ar chur i bhfeidhm polasaí agus moladh a dhéanamh maidir le leasuithe nuair is cuí sin agus cur le forbairt pholasaithe i réimsí a bhfuil tábhacht mhór leo sa réigiún leis an obair sin
- Cothaíonn agus spreagann sé tionscnaimh straitéiseacha réigiúnacha in earnálacha éagsúla i gcomhar le háisíneachtaí eile, eagrais aitiúla agus grúpaí pobail. Bíonn buntáiste as na tionscnaimh seo ag an timpeallacht eacnamaíochta agus sóisialta i Réigiún an Iarthair
- Is air atá an cúram bainistíochta agus riaracháin maidir le Ciste Infheistíochta an Iarthair (WIF) a bhfuil iomlán de €32 milliún ann agus a chuireann caipiteal fiontraíochta ar fáil i bhfoirm gnáthscair nó iasachtaí do thograí agus do ghnólachtaí ar bhonn tráchtála. Líontar ar an gcaoi sin an bhearna a bhain le cúrsaí airgeadaithe agus a mbíodh drochthionchar aige ar ghnólachtaí agus ar ghrúpaí pobail sa réigiún.

Oibríonn an WDC faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus bhí buiséad oibriúcháin de €1,385,000 aige sa bhliain 2003.


# Eagar agus Struchtúr

Is é an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a cheapann cathaoirleach agus comhaltaí Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Ceapadh an Coimisiún reatha ar 1 Feabhra 2002. I mí Bealtaine 2003, d'éirigh an tUasal Frank O'Donnell, Príomhoifigeach, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as a bheith ina chomhalta den WDC. Cheap an tAire an tUasal Billy Grimes, Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga ina áit i mí Meitheamh 2003.

Bhí an líon iomlán foirne de 15 fostaithe i rith na bliana 2003.

**Fig 1.** *Cairt Eagair an WDC*




# Réigiún i mbun athraithe

Tá cónaí ar 705,148 duine i Réigiún an Iarthair, líon is ionann agus 18% de dhaonra an Stáit. Chonacthas fás suntasach (7.3%) ar an daonra i Réigiún an Iarthair idir an bhliain 1996 agus an bhliain 2002, ag teacht leis an gclaonadh ar fud na tíre. Ina dhiaidh sin féin, bhí difríochtaí suntasacha taobh istigh den réigiún agus an fás ba mhó (10.7%) ar an daonra le linn na tréimhse i nGaillimh, an contae is fairsinge, agus an fás ba lú (3.0%) i Liatroim, an contae is lú.

Is léir go mbíonn tionchar ag struchtúr uirbeach an réigiúin ar phátrúin daonra. Ceantar tuaithe an réigiún den chuid is mó. Timpeall is 25% den daonra a chónaíonn i mbailte ina bhfuil cónaí ar níos mó ná 5,000 duine.[2] Bailte beaga margaidh faoin tuath agus easpa dlúis daonra príomhthréithe chuid mhór den réigiún. Tá cuid mhaith de na bailte sin agus de na ceantair máguaird ar tharla titim fhadtéarmach sa daonra iontu nó nach facthas fás sa daonra iontu. A mhalairt de chás maidir leis na bailte móra ar fad agus Cathair na Gaillimhe go háirithe, mar ar tharla fás tréan sa daonra idir an bhliain 1996 agus 2002. Tharla fás suntasach chomh maith i roinnt de na bailte níos lú ná sin atá ina mbailte dórtúir ná ina gcraobh-bhailte ag na hionaid mhóra.[3]

Tá athrú ag teacht ar an bpróifíl aoise sa réigiún chomh maith. Idir 1996 agus 2002, d'ardaigh céatadán an daonra atá san aoisghrúpa atá gníomhach go heacnamúil (15-64 bliain d'aois) ó 62% go 65.5%. Tá sin níos ísle ná an meán ar fud an Stáit ina dhiaidh sin féin. Tá an céatadán de dhaonra an réigiúin atá os cionn 65 bliain d'aois níos airde ná an meán náisiúnta ach tá sé ag tosú ag teannadh leis.

---

[2] Cathair na Gaillimhe (66,163); Inis (22,051); Sligeach (19,735); Leitir Ceanainn (15,231); Caisleán an Bharraigh (11,371); Béal an Átha (9,647); An tSionainn (8,561); Béal Átha na Sluaighe (6,219); Tuaim (5,947); Cathair na Mart (5,634); Bun Chranncha (5,271).

[3] Coimisiún Forbartha an Iarthair (2003), *Jobs for Towns: Small and Medium-Sized Towns on Radial Routes in the Western Region.*



# Obair Pholasaí agus Fhorbartha an WDC

## Béim ar Bhailte Leathmhóra an Iarthair

Nuair atá daonra suntasach sna bailte leathmhóra agus i gceantair thuaithe, tá béim sheasta ag an WDC ar a thábhachtaí agus atá sé infheistíocht isteach a thabhairt go dtí bailte leathmhóra mar mhodh le feabhas a chur ar stádas eacnamaíochta an réigiúin trí chéile. Foilsíodh an tuairisc *Jobs for Towns : Small and Medium-Sized Towns on Radial Routes in the Western Region* i mí na Nollag 2003, ag tabhairt próifíl fiche baile beag agus baile leathmhór in iarthar na hÉireann mar ionaid d'infheistíocht isteach. Scrúdaíodh cumas óstála gach baile maidir le comhlachtaí tráchtála nó stáit agus tarraingíodh aird ar acmhainn glactha le hinfheistíocht isteach agus postanna i mbailte ar fud an réigiúin seacht gcontae ar fad.

Tar éis na hanailíse sin agus i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i seacht gcontae an iarthair, thiomsaigh an WDC tacair sonraí maidir le bailte sa réigiún, ag tabhairt mionsonraí maidir lena bhfeiliúntacht do phostanna nua agus d'infheistíocht nua isteach ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí araon.

Díríodh aird sa tuairisc ar acmhainn foráis Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire agus an cheantair máguaird mar chroíphointe réigiúnach den tábhacht ag soirbhiú don trácht idirnáisiúnta. Leagadh béim chomh maith ar an ról a fhéadann infheistíocht isteach i mbailte atá suite le Bealach Iarnróid an Iarthair a bheith aici i gcur le féidearthacht ath-oscailt réimsí straitéiseacha den líne iarnróid idir Sligeach agus Inis.

Táthar ag súil go mbeidh an tuairisc *Jobs for Towns* úsáideach ar feadh i bhfad ag gnólachtaí, ranna rialtais agus áisíneachtaí reachtúla atá ag smaoineamh ar athlonnú go Réigiún an Iarthair. Tá eolas luachmhar ar fáil ann freisin ag eagraíochtaí atá ag cur cás na hinfheistíochta i mbailte leathmhóra sa réigiún chun cinn.

Maidir le cóip den tuairisc, tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an WDC www.wdc.ie

# Infrastruchtúr Teileachumarsáide

Tar éis fhoilsiú *Update on Telecommunications in the Western Region* aige ag deireadh na bliana 2002, lean an WDC sa bhliain 2003 ag díriú ar an tábhacht atá le teacht ar theileachumarsáid leathanbhanda i Réigiún an Iarthair agus go háirithe ar an riachtanas atá le tabhairt faoi na príomhcheisteanna maidir le fáil a bheith air, praghas agus iomaíocht. Bhí baint ag Bainisteoir Polasaí an WDC, ina ról mar chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre Leathanbhanda Choimisiún Shochaí an Eolais (ISC)[4], le comhairliúchán leathanréimseach le páirtithe móra leasa maidir le cúrsaí leathanbhanda i rith na bliana, go háirithe leis an Roinn Cumarsáide, na Mara agus Acmhainní Nádúrtha. D'fhoilsigh an Grúpa Oibre cáipéis straitéise, *Ireland's Broadband Future*, ag deireadh na bliana.

Díríodh aird in Ireland's Broadband Future ar cheisteanna réigiúnacha i soláthar chumarsáid leathanbhanda trína ról i bhforbairt réigiúnach a mheas agus staidéir cáis maidir le gnólachtaí i Réigiún an Iarthair a thabhairt san áireamh. Léiríodh tríothu sin go bhfuil éagothroime dáiríre ann maidir le teacht ar sheirbhísí leathanbhanda agus na héagsúlachtaí ollmhóra costais a ghoilleann ar chumas iomaíochta an réigiúin go hidirnáisiúnta agus atá ina bhac ar fhorbairt eacnamaíoch an réigiúin. Léirigh anailís ar bhuntáistí eacnamaíocha an chórais leathanbhanda go bhfuil éifeacht ó thaobh costais le hinfheistíocht in infrastruchtúr leathanbhanda réigiúnach agus go bhféadfadh sé go sárófaí leis sin go leor de na fadhbanna a bhaineann le fás réigiúnach míchothrom.



Dr. Pat O'Hara and Minister Dermot Ahern
at the launch of "Ireland's Broadband Future"

Léiríodh go soiléir sa tuairisc go bhfuil riachtanas le hidirghabháil rialtais chun an 'bearna leathanbhanda' a dhúnadh agus lena chinntiú gur féidir na buntáistí forbartha réigiúnaigh a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaint amach. Bhí deich gcinn de phríomh-mholtaí don Rialtas sa tuairisc, agus ag an seoladh i lár mhí na Nollag, fógraíodh roinnt gníomhartha. Tugtar achoimre sa tábla thíos maidir leis na príomhcheisteanna ar dhírigh an WDC aird orthu agus ar fhreagra an Rialtais sa bhliain 2003.

| Príomhcheisteanna Teileachumarsáide ar dhírigh an WDC Aird orthu | Freagra an Rialtais 2003 |
|---|---|
| Gá le cur chuige straitéiseach agus Plean Gnímh. | Fógraíodh Plean Gnímh Nua Leathanbhanda le hairgeadú ilbhliantúil de €35m p.a. go dtí 2007. |
| Dlús a chur le hiomaíocht agus praghsáil. | Gealladh treoir do ComReg maidir le praghsáil iomaíoch go luath sa bhliain 2004. |
| Líonraí Achair Chathrach (MANs) a thabhairt chun críche agus a leathnú. | Céim I de MANs ar siúl, le tabhairt chun críche sa bhliain 2004. Fógraíodh céim bhreise a mbaineann soláthar malartáin leathanbhanda pobail agus snáithín straitéiseach go dtí 80 baile léi ag deireadh na bliana 2003. |
| Aonán Seirbhíse Bainistithe (MSE) a bhunú agus sainordú a thabhairt dó le bainistíocht a dhéanamh ar an teacht ar shnáithín chnámhdroma faoi úinéireacht an stáit. | Níor bunaíodh MSE go fóill. Tairgeoidh gréasán snáithíne BSL ceangal ar phraghas iomaíoch do bhailte réigiúnacha. |
| Gá le réiteach 'an míle deireanach' ag úsáid léibhinn éagsúla ar nós raidió, saitilít, teicneolaíocht línte aibhléise etc. d'ionaid leathmhóra agus do cheantair thuaithe. | Fógraíodh grúpscéim leathanbhanda do phobail tuaithe ag deireadh na bliana 2003; airgeadú Clár chomh maith do thograí leathanbhanda agus togra píolótach maidir le teicneolaíocht líne aibhléise. |
| Gá díriú ar cheisteanna éilimh. | Cuideoidh an clár dílárnaithe le héileamh a chothú. Fógraíodh láithreán gréasáin do thomhaltóirí ag deireadh na bliana 2003. |

[4] Is eagras comhairle ag an Taoiseach é Coimisiún Shochaí an Eolais. Féach www.ISC.ie

# Iompar

Bhí béim shuntasach riamh ag an WDC ar chúrsaí iompair laistigh de Réigiún an Iarthair, go dtí ceantair eile in Éirinn agus thar lear. Tá tábhacht ag lucht reáchtála gnó agus soláthar seirbhíse, ag daoine a bhfuil cónaí orthu sa réigiún agus acu siúd ar mian leo cuairt a thabhairt ar an réigiún le teacht ar roghanna iompair inchomórtais ar chaighdeán maith. Lean an WDC ag cur béime ar thábhacht an infrastruchtúr bóthair do Réigiún an Iarthair sa bhliain 2003 agus bhí béim ar leith ar infrastruchtúr iarnróid le foilsiú an Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid (2003).

## Bóithre

Lean an WDC ag déanamh monatóireachta ar an gcaiteachas ar bhóithre i rith na bliana 2003 agus bhí ábhar imní aige go háirithe maidir lena éagothrom agus a bhí caiteachas réigiúnach ar bhóithre náisiúnta. Níor caitheadh ach 69% den bhuiséad NDP ar bhóithre den saghas sin sa Réigiún BMW go deireadh na bliana 2002 i gcomparáid le 138% de bhuiséad Réigiún S&E. San aighneacht a rinne sé leis an Measúnú Lárthéarma ar Chlár Oibriúchán Infrastruchtúr Eacnamaíochta agus Shóisialta an NDP, d'áitigh an WDC gur cheart deireadh a chur leis an éagothroime sin agus nár cheart go mbeadh aon tionchar ag tosaíocht ag tograí taobh amuigh den Réigiún BMW, róchaiteachas costais nó aon leasuithe maidir le cúrsaí airgeadais na tíre a dhéanfadh méadú ar an éagothroime sa chaiteachas ó thaobh réigiúin de. Mhol an WDC go leagfaí amach spriocanna soiléire, le teora ama leo, maidir le gach bóthar náisiúnta.

Chuir Cathaoirleach agus comhaltaí an WDC an imní maidir le héagothroime réigiúnach i gcaiteachas ar bhóithre faoin NDP agus maidir le Clár na bliana 2003 in iúl ag cruinniú le Séamus Brennan, T.D., an tAire Iompair, i mí Márta 2003.



Sean Hannick, *WDC Board Member;* Lisa McAllister, *CEO (WDC);*
Minister Seamus Brennan, *Minister for Transport;*
Michael Farrell, *Chairman (WDC);* Dr. Pat O'Hara, *Policy Manager (WDC)*

## Iarnród

Bhí béim ar leith ag an WDC ar cheisteanna iompar iarnróid i rith na bliana 2003, a mba bliain thábhachtach í d'fhorbairt pholasaí iarnróid in Éirinn le foilsiú an Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid (SRR).

Tugtar údar imní an WDC maidir le hiarnród i Réigiún an Iarthair, ar díríodh aird air den chéad uair in aighneacht leis an SRR sa bhliain 2002, sa bhosca thíos.

Kiltimagh on the Western Rail Corridor. Closed 1975.
(Photo David Dawson)



- Tá infrastruchtúr iompair riachtanach maidir le forbairt Réigiún an Iarthair.
- Is gné thábhachtach den infrastruchtúr tráchta é an t-iarnród. Beidh gá le hinfheistíocht leis na seirbhísí iarnróid shábháilte, iontaofa, éifeachtach, den scoth a theastaíonn ó Réigiún an Iarthair a bhaint amach.
- Tá gá le feabhas ar rothra agus ar thráthchláir agus le seirbhísí breise.
- Ba cheart breathnú go dáiríre ar fhorbairt Bhealach Iarnróid an Iarthair (WRC) ar deis a bheadh ann feabhas a chur ar thrácht laistigh den réigiún agus idir na réigiúin mar a mholtar san NSS.

D'fháiltigh an WDC roimh fhoilsiú an SRR, atá leagtha amach le bheith mar bhunús do chreat polasaí straitéisigh maidir le forbairt na n-earnála iompair paisinéirí agus earraí ar iarnród in Éirinn go ceann fiche bliain. I mí Aibreán 2003, reáchtáil an WDC, i gcomhar leis an ocht mBord Forbartha Contae agus Cathracha , seimineár a raibh rath air i gClár Chlainne Mhuiris d'fhonn daoine i Réigiún an Iarthair a chur ar an eolas maidir le moltaí an SRR agus d'fhonn dearcadh maidir leis a chloisteáil ó réimse cainteoirí, ina measc ionadaithe thar ceann na Roinne Iompair, Iarnród Éireann agus Choimisiún na hEorpa chomh maith le páirtithe leasmhara i gcúrsaí iompair, turasóireachta agus réigiúnacha. Thug an seimineár deis don WDC chomh maith na príomhcheisteanna a eascraíonn ón SRR a aithint agus a phlé.

Tar éis an tseimineáir, chas an WDC leis an Roinn Iompair le béim a leagan ar ábhair imní faoi leith maidir leis an SRR. Chas an WDC roinnt uaireanta chomh maith leis na comhairleoirí a d'ullmhaigh an SRR.

Tugtar na príomhcheisteanna ar tharraing an WDC aird orthu ag na cruinnithe sin sa bhosca thíos.




The Western Rail Corridor

- Ba chúis mórdhíomá an caiteachas atá ceaptha maidir le feabhsú seirbhíse laistigh de Réigiún an Iarthair. As iomlán an chláir *Going for Growth* (ceann de na roghanna a leagadh amach san SRR) níl níos mó ná 4.5% ceaptha don iarthar, rud a léiríonn a laghad tosaíochta a chuirtear le bealaí a dhéanann freastal ar an réigiún.
- Tá cuid mhaith den chaiteachas ar bhealaí an iarthair faoin gclár *Going for Growth* ceaptha mar chaiteachas *fadtéarmach* agus níl sé beartaithe tarlú go dtí an tréimhse 2015-2022.
- Is ábhar buartha don WDC é úsáid anailís chostas-bhuntáiste leis an straitéis infheistíochta iarnróid a cheapadh, gan dóthain béime á leagan ar a inmhianta is atá forbairt réigiúnach chothrom. Bíonn tosaíocht níos ísle ag infheistíocht i réigiúin mheathfhorbartha de thoradh air.
- Tá gá le staidéar féidearthachta cuimsitheach mionsonraithe ar Bhealach Iarnróid an Iarthair ar fad, ina dtabharfaí san áireamh staidéar ar bhealaí taistil chun oibre a d'fhéadfadh a bheith ann (e.g. Tuaim go Gaillimh, Tuaim go Clár Chlainne Mhuiris, Baile Chathail go Clár Chlainne Mhuiris, Tobar an Choire go Sligeach).
- Fáiltíodh roimh an dúthracht maidir le iompar earraí ar iarnród agus roimh na tionscnaimh a moladh san SRR, ach b'ábhar buartha don WDC go mbeadh easpa polasaí fadtéarmach maidir le hiompar earraí ar iarnród ina bhac ar an acmhainn foráis atá ag baint leis agus go bhféadfadh brostú a bheith ar a mheath dá bharr.
- Is féidir go leor a bhaint amach maidir le seirbhísí breise, feabhsaithe gan aon nó gan mórán infheistíochta breise den suntas ag baint leo. Is cosúil ord tosaíochta íseal a bheith le feabhsúcháin seirbhíse dá leithéid ar bhealaí a dhéanann freastal ar Réigiún an Iarthair, go háirithe nuair a dhéantar comparáid le feabhsúchán seirbhíse ar bhealaí eadar-chathracha eile.

Trí tharraingt aníos na gceisteanna seo ag an leibhéal is airde, tá beart tábhachtach déanta ag an WDC ag díriú aird ar cheisteanna iompar iarnróid i Réigiún an Iarthair. Leanfar ag déanamh mar sin san am atá romhainn.

Tá teacht ar aighneachtaí maidir le polasaí iarnróid agus aithisc ón seimineár iarnóid ag www.wdc.ie

# Fuinneamh

Mar chuid dá chuspóir a chinntiú go mbíonn Réigiún an Iarthair inchomórtais maidir le coinneáil agus mealladh tionscail agus fostaíochta, lean an WDC dá chuid oibre maidir leis an infrastruchtúr fuinnimh i rith na bliana 2003. Bhí an bhéim ar tharchur leictreachais, leathnú an ghreille gáis nádúrtha sa réigiún agus ar fhorbairt deiseanna do thograí pobail fhuinnimh ghaoithe.

## Leictreachas

Creideann an WDC gur léir go bhfuil riachtanas le hinfheistíocht shuntasach in infrastruchtúr tharchur leictreachais sa réigiún d'fhonn feabhas a chur ar sholáthar leictreachais don tionscal atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.



Tá an t-iar-thuaisceart ag brath go mór ar ionchur cumhachta ó pháirteanna eile den tír agus an méadú ar an éileamh ar leictreachas sa réigiún seo níos airde ná an meán ar fud na tíre. Cé gur fáiltíodh roimh fheabhsúcháin agus roimh neartú le tamall anuas, leag an WDC béim sa bhliain 2003 ar an ábhar imní atá aige maidir le cás Mhaigh Eo go háirithe.

Tá an WDC dúthrachtach maidir lena chinntiú go gcuirtear infrastruchtúr fuinnimh cuí ar fáil le ligean do Réigiún an Iarthair infheistíocht nua a mhealladh agus na tionscail atá ag feidhmiú sa réigiún cheana féin a choinneáil ag imeacht. Creideann an WDC chomh maith go bhfuil riachtanas le cumas infrastruchtúir dóthaineach a bheith ar fáil sula mbíonn éileamh air le go dtarlódh forás ar bhonn tionscail agus seirbhíse an réigiúin.

D'fhonn béim a chur ar na ceisteanna sin, chas an WDC le Dermot Ahern, T.D., An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, i mí Bealtaine 2003. D'fhreastail Éamon Ó Cuív, T.D., An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar an gcruinniú chomh maith.



Lisa McAllister, CEO; Helen McHenry, Policy Analyst; Michael Farrell, Chairman; Minister Seamus Brennan, Minister for Transport; Dr. Pat O'Hara, Policy Manager

Tharraing an WDC aird na nAirí ar na fadhbanna atá ag lucht tionsclaíochta sa réigiún (i Maigh Eo go háirithe) agus leagadh béim ar fheabhsú tharchur leictreachais san iarthar a beith ar cheann de na gnéithe infrastruchtúir ar tugadh tosaíocht dó sa Straitéis Spáis Náisiúnta.

I mí Deireadh Fómhair 2003, chas an WDC, maraon le IBEC agus Príomhfheidhmeannaigh roinnt tionscail shuntasacha i Maigh Eo le Tom Reeves, an Coimisinéir Rialúchán Fuinnimh, d'fhonn béim a leagan arís ar an imní maidir le hinfrastruchtúr tarchuir i Maigh Eo agus a chumas freastal ar an éileamh san am atá romhainn. Rinneadh plé ag a gcruinniú ar a bhféadfadh an lucht úsáidte agus an WDC a chur leis an bpróiseas pleanála maidir le tarchur leictreachais agus aontaíodh gur cheart go ndéanfaí níos mó comhairliúcháin an am atá romhainn.

## Gás

Acmhainn nádúrtha shuntasach atá i nGásréimse na Coiribe a bhféadfadh buntáistí ollmhóra a bheith uaidh do Réigiún an Iarthair. Is féidir le gás nádúrtha a bheith ina fhoinse fuinnimh ghlan ag tionscail agus chuirfeadh próiseas fhorbairt an infrastruchtúir gáis a bhaineann leis an ngásréimse postanna a bhfuil géarghá leo ar fáil i gcuid iargúlta den iarthar.

Tuigeann an WDC nach bhfuiltear dearfa faoi láthair cén áit a dtabharfaí gás na Coiribe i dtír ach ina dhiaidh sin féin, lean sé ag obair d'fhonn a chinntiú go mbeadh an buntáiste is mó a d'fhéadfaí ag an iarthar, arna scaipeadh ar fud an réigiúin, ó shaothrú an acmhainn gáis nádúrtha.

I rith na bliana 2003, ba ar an mbealach a rachadh an nasc beartaithe ó phíblíne na Coiribe (Maigh Eo-Gaillimh) go Sligeach, ar chinn an Rialtas (i bprionsabail agus faoi réir ag tuilleadh measúnaithe), sa bhliain 2001, go dtógfaí é, a bhí béim na hoibre ag an WDC. Ba é tuairim an WDC go raibh deis ansin a mheas cén

bealach is mó a mbeadh buntáiste poiblí as ag an réigiún agus a thabharfadh an luach is fearr ar infheistíocht an rialtais go fadtéarmach. Creideann an WDC gur cheart go leanfadh aon phíblíne tarchuir dá leithéid bealach a ligfeadh go fadtéarmach fo-línte a fhorbairt go dtí bailte leathmhóra Chonnacht.

Phléigh an WDC an bealach a bhféadfaí dul ag an gcruinniú le Dermot Ahern, T.D., An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus Éamon Ó Cuív, T.D., An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, i mí Bealtaine 2003, ag tarraingt aird ar an ngá atá le buntáistí ó ghás na Coiribe a bhraith i Réigiún an Iarthair nuair a thugtar i dtír é. D'aontaigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go ndéanfar comhairle leis an WDC sula ndéantar aon chinneadh eile maidir le bealach phíblíne go Sligeach.



## Fuinneamh Inathnuaite

Ag Éirinn atá an dara hacmhainn fuinneamh gaoithe is mó san AE nach sáraítear ach amháin in Albain. Ar an gcósta thiar is láidre a shéideann an ghaoth in Éirinn. Tá táirgiú leictreachais ón ngaoth ar cheann den bheagán earnáil a bhfuil buntáiste iomaíochta idirnáisiúnta dáiríre ag Éirinn go ginearálta ann agus ag an iarthar go háirithe.

Creideann an WDC gur cheart go mbeadh leas ag Réigiún an Iarthair as sin. Ghlac sé páirt sa bhliain 2003 i dtionscnamh mór straitéiseach le fiosrúchán a dhéanamh mar gheall ar dheis ag pobail áitiúla infheistíocht a dhéanamh i dtograí feirm ghaoithe a bheadh á bhforbairt ina gceantar. Tionscnamh straitéiseach atá sa bPáirtnéireacht Fhuinnimh Inathnuaite[5] (REP) d'fhonn fiosrúchán a dhéanamh maidir le húinéireacht phobail ar thograí feirm ghaoithe. I mí Márta 2003 chuir an REP comhairleoirí ar conradh le taighde a dhéanamh maidir le múnla a ligfeadh do ghrúpaí pobail infheistíocht a dhéanamh i dtograí feirm ghaoithe agus a leithéid de mhúnla a cheapadh. Aimsíodh an t-airgeadú €73,000 don staidéar ó LEADER agus Sustainable Energy Ireland chomh maith leis an WDC.

Bhain athbhreithniú ar mhúnlaí úinéireacht phobail ar baineadh úsáid astu le hearnáil na gaoithe a fhorbairt ar fud na hEorpa, athbhreithniú ar pholasaí fuinnimh inathnuaite na hÉireann, agus ullmhú múnla oibre inar háiríodh próiseas forbartha an fheirm ghaoithe, roghnú struchtúr na cuideachta don infheistíocht ghaoithe, roghanna agus deismireachtaí infheistíochta, brostaithigh infheistíochta agus múnlaí airgeadais trína dtuartar an t-ais-íoc is dócha d'infheisteoirí pobail, i gceist leis an staidéar. Tá le tuiscint ó na chéad torthaí gur cheart do phobail smaoineamh ar pháirt a ghlacadh i dtograí tráchtála ón uair go mbíonn gach constaic a bhaineann le pleanáil, ceangal leis an ngreille agus díol leictreachais sáraithe. Beidh cúnamh agus comhairle ag pobail maidir leis an mbealach leis sin a dhéanamh i lámhleabhar a fhoilseoidh REP i rith na bliana 2004.

[5] An WDC, Brí Nua Community Wind Energy Group (Inis Eoghain) agus Mayo Community Wind Energy (Iar-dheisceart Mhaigh Eo) na páirtnéirí.



# Measúnú Lárthéarma ar an NDP

Déanann an WDC monatóireacht ar athruithe sa timpeallacht polasaí a tharlaíonn ag leibhéil AE, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla (forbairt phobail). Déantar a mbeadh i gceist leo don réigiún a mheas agus déantar aighneachtaí agus moltaí mar is cuí. Scrúdaítear chomh maith na hathruithe atá ag tarlú sa réigiún féin mar gheall ar chúinsí tionchair eile.

I rith na bliana 2003, tháinig an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) go leath bealaigh sa tréimhse pleanála. Bhí an NDP agus na Cláir Oibriúcháin atá mar chuid de faoi mheasúnú lárthéarma. Chuir an WDC roinnt aighneachtaí faoi bhráid na measúnuithe éagsúla, ag díriú aird ar cheisteanna a bhfuil ábhar imní faoi leith mar gheall orthu i Réigiún an Iarthair.

Le Tionól Réigiúnach na Teorann, Lártíre agus an Iarthair (BMW) a rinneadh an aighneacht ba mhine sonrú. Chuir an WDC in iúl san aighneacht sin an t-ábhar imní atá sa ngannchaiteachas i gClár Oibriúcháin na Teorann, Lártíre agus an Iarthair (BMW OP) de chuid an NDP, a chuireann airgeadú ar fáil d'infrastruchtúr áitiúil, fiontraíocht áitiúil, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, imchuimsitheacht shóisialach agus cúram linbh. Ní raibh i gcaiteachas na dtrí bliana tosaigh den obair, go dtí deireadh na bliana 2002, ach 59% den bhuiséad. Cé gur baineadh amach an sprioc-chaiteachas i gcás roinnt bearta, bhíothas i bhfad faoin mbuiséad i gcás líon suntasach acu agus gannchaiteachas tríd is tríd de thoradh air sin. Leagtar béim ar na príomhphointí a rinne an WDC san aighneacht sa bhosca thíos.

Rinne an WDC aighneacht maidir le measúnú an NDP ina iomláine, chomh maith leis an measúnú ar Chláir Oibriúcháin eile faoi seach, ag díriú ar na ceisteanna a bhfuil riachtanas ag baint leo d'fhorbairt Réigiún an Iarthair.

Tá fáil ar na haighneachtaí ag www.wdc.ie

- Cé go raibh buiséad de €1,570m ceaptha go dtí deireadh na bliana 2002, níor caitheadh ach €926m (59%) i ndáiríre. Ciallaíonn sé sin nach raibh buntáiste mar a bhí súil ag an Réigiún BMW as na chéad trí bliana den NDP.
- Ba cheart an buiséad a dáileadh don chlár a chaitheamh sa Réigiún BMW amháin.
- D'fhéadfaí caiteachas maidir le roinnt bearta infrastruchtúir áitiúil san OP, ar nós Bóithre Neamhnáisiúnta agus Aerfoirt Réigiúnacha, a mhéadú os cionn na suime a dáileadh i dtosach, ag úsáid airgid a mb'fhéidir nach dtarraingeofar anuas é faoi bhearta eile.
- Ba cheart go dtiocfadh ardú tréan ar an gcaiteachas sa dara leath den chlár.
- Ba cheart leibhéil níos airde deontas (sa chás go bhfuil sin ceadaithe) a úsáid chun ligean don Réigiún BMW an buntáiste iomlán a bhaint as an gclár seo agus as an stádas Cuspóir 1.

# Turasóireacht



Ó am a bhunaithe, tá tús áite tugtha ag Coimisiún Forbartha an Iarthair do thacú le cumas iomaíochta agus le leathnú na n-earnálacha dúchasacha sa réigiún. Tá aitheantas tugtha go háirithe ag an WDC do thábhacht na turasóireachta i bhforbairt chreatlach eacnamaíochta agus shóisialta cheantair thuaithe i Réigiún an Iarthair.

Foilsíodh *Blueprint for Tourism Development in the West* an WDC sa bhliain 2000. Straitéis mhionsonraithe atá ann le dlús a chur le scaipeadh fhás na turasóireachta go dtí ceantair thuaithe sna seacht chontae san iarthar. De thoradh ar a fhoilsiú, bunaíodh Clár Fhorbairt Turasóireachta an Iarthair[6] (WDTP), páirtnéireacht mórthábhachta idir-áisíneachta arna óstáil ag Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus arna airgeadú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá de théarmaí tagartha aige cur chuige straitéiseach a leagan amach do thionscnaimh thurasóireachta i gceantair mheathfhorbartha taobh istigh de Réigiún an Iarthair.

Léiríonn tograí píolótacha an WDTP acmhainn an réigiúin forbairt a dhéanamh ar tháirgí turasóireachta inmharthana ar bhealach comhordaithe a sheachnaíonn dúbailt gníomhartha agus airgeadaithe. Tá téama inmharthaineacht na bpobal agus na timpeallachta mar bhonn le gach togra de chuid an WDTP. Tugtar cur síos achomair ar dhul chun cinn an WDTP ag cur i bhfeidhm an chur chuige straitéisigh maidir le forbairt thurasóireachta a mholann an WDC sna boscaí thíos.

## MARGAÍOCHT AGUS PACÁISTIÚ TÁIRGE

| Moltaí an WDC | Torthaí |
| --- | --- |
| Scaipeadh na dturasóirí amach ón líon beag 'potaí meala' go dtí táirgí den scoth i gceantair thuaithe d'fhonn inmharthanacht eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallachta a bhaint amach trí ghníomhartha ar nós chomhtháthú agus chur chun cinn 'bhealaí glasa' agus soláthar tháirgí sainspéise den scoth. | ➤ Tá d'aidhm fhadtéarmach ag tionscnamh an WDTP forbairt a dhéanamh ar dheich gcinn de thograí léirmhíniú tírdhreacha ardchaighdeáin. Láinseáladh dhá thionscnamh Walking through Time i rith na bliana 2003, ceann sna Cruacha Gorma i gCo.Dún na nGall agus ceann i mBéal na mBuillí, Co. Ros Comáin. Tá ocht dtionscnamh eile ag an stáid féidearthachta. Tugtar na tograí i gcrích mar chomhfhiontar idir an WDTP, LEADER agus an CSA Group, i gcomhar le pobail áitiúla.<br>➤ I rith na bliana 2003, thionscnaigh an WDTP, i gcomhar le LEADER, togra d'fhonn cuidiú le soláthróirí táirge atá lonnaithe le siúlóidí seanbhunaithe sa réigiún a gcuid gníomhartha a chur ar bhonn tráchtála. Tabharfar an múnla sin chun críche sa bhliain 2004.<br>➤ Leagtar amach gníomhartha i bplean an Bhosca Ghlais d'fhonn gníomhaíochtaí laethanta saoire eiceathurasóireachta inmharthana a chur le chéile, lena n-áirítear bia, cóiríocht, gníomhaíocht, iompar agus infrastruchtúr . Tá Liatroim agus páirteanna de Fhear Manach, An Cábháin, Ros Comáin, Sligeach agus Dún na nGall i gceantar an Bhosca Ghlais. |

[6] Tá an WDTP faoi chathaoirleacht Fáilte Ireland agus tacaíocht aige ó ghrúpa stiúrtha leathanréimseach lena mbaineann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, LEADER, Forbairt na Sionna, na hÚdaráis Turasóireachta Réigiúnacha, Údarás na Gaeltachta, Cónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus Coimisiún Forbartha an Iarthair.

## BAINISTIÚ CHEANN SCRÍBE AGUS FORBAIRT TÁIRGE

| Moltaí an WDC | Torthaí |
|---|---|
| Comhthionscnamh trí réigiún (Iarthar, Iar-Thuaisceart agus Sionainn) a bhunú d'fhonn díriú go sonrach ar mhargaíocht a dhéanamh ar iarthar na hÉireann mar cheann scríbe thurasóireacht tuaithe. | Thionscnaigh an WDTP comharthionscnamh margaíochta idir, Forbairt na Sionna, na hÚdaráis Turasóireachta Réigiúnacha agus an WDTP le gníomhartha bolscaireachta agus margaíochta réigiúnacha a fhorbairt.<br>➤ ISa bhliain 2003, réitigh an Grúpa Stiúrtha an bealach do sheachadadh an chéad bhróisiúr turasóireachta eadar-réigiúnach san iarthar.<br>➤ Tarraingíodh 25,000 cuairteoir ag láithreán gréasáin an WDTP www.trueireland.com [7]<br>➤ D'eagraigh agus d'airgeadaigh an WDTP, i gcomhar le Fáilte Ireland, turas taithí chuig aontaí trádála agus tomhaltóra i Milano agus i Munchen, le deis a thabhairt do bhainisteoirí LEADER ón réigiún casadh le heagraithe turas speisialtóireachta. |

## FEABHAS AGUS CÚRAM DON CHUSTAIMÉIR

| Moltaí an WDC | Torthaí |
|---|---|
| Tá coincheap bhainistíocht iomlán feabhais ar an bpríomhghné a bhaineann le sású an chustaiméara agus gnó in athuair. Luadh an riachtanas maidir le clár oiliúna agus forbartha cuimsitheach sa *Blueprint*. | Thionscnaigh an WDTP, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh, Tionscnamh Oiliúint Thurasóireachta Fhorbairt an Iarthair.<br>➤ Cuireann an clár oiliúna 80 uair a chloig cúrsa creidiúnaithe ar fáil do sholáthróirí tháirge turasóireachta, a mbronntar an Teastas Náisiúnta i mBainistíocht agus i Margaíocht Turasóireachta dá thoradh.<br>➤ Déanann na comhlachtaí LEADER áitiúla airgeadú ar fhreastal na rannpháirtithe ar an gcúrsa.<br>➤ Bronnadh a gcuid teastas ar an gcéad 22 rannpháirtí (Sligeach/Leitrim) i mí na Samhna 2003 ag IT Shligigh. |



Alan Hill, Tourism, Western Development Tourism Programme; Dermot Hurst, WDC; Éamon Ó Cuív, T.D., Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs; Lisa McAllister, CEO WDC; Donal Guilfoyle, Bord Fáilte



John O'Neill, Organic Centre; Éamon Ó Cuív, T.D., Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs; Donal Guilfoyle, Bord Fáilte

[7] Cuirtear an láithreán, a láinseáladh sa bhliain 2002, chun cinn go soiléir ar na láithreáin ghréasáin ag Fáilte Ireland agus na hÚdaráis Turasóireachta Réigiúnacha. Rinneadh earcaíocht ar chaoga oibritheoir thurasóireacht tuaithe ón Réigiún agus cuireadh oiliúint orthu le hábhar a sholáthar agus a athnuachan don láithreán.



*background image:* Rossnowlagh Beach, Co. Donegal

## Polasaí Náisiúnta Turasóireachta

Chomh maith lena pháirt i gClár Fhorbairt Turasóireachta an Iarthair, lean an WDC ag cur béim ar an tábhacht atá le forbairt pholasaí náisiúnta thurasóireacht tuaithe. Dúradh in *Ensuring the Future – A Strategy for Rural Development in Ireland*, Páipéar Bán a foilsíodh sa bhliain 1999, go gcaithfí cuid shlán den pholasaí náisiúnta turasóireachta a dhéanamh den turasóireacht tuaithe, go háirithe maidir leis an iarracht mhargaíochta náisiúnta, agus cuid shlán den chur chuige réigiúnach maidir le forbairt eacnamaíoch. Ina fhianaise sin, rinne an WDC aighneacht leis an nGrúpa Athbhreithnithe maidir leis an bPolasaí Turasóireachta sa bhliain 2003.[8] Tarraingítear aird ar na príomhphointí a rinneadh san aighneacht sa bhosca thíos.

- An leas is fearr a bhaint as an deis a chuireann an Measúnú Lárthéarma den Phlean Forbartha Náisiúnta ar fáil chun na cistí a choinneáil go sainiúil – go leor de is léir nach bhfuil caite ar chor ar bith – do cheantair thuaithe nach bhfuil mórán forbartha déanta ar thurasóireacht iontu.
- An leas is fearr a bhaint as na Bearta Turasóireachta NDP chun dlús a chur le forbairt tionscadal turasóireachta inmharthana a bheadh fabhrach don chomhshaol ar scála oiriúnach i gceantair thuaithe agus nach bhfuil mórán forbartha orthu.
- Éicea-thurasóireacht a spreagadh agus fiontair thurasóireachta inmharthana a dhéanann cothabháil ar an gcomhshaol nádúrtha, a leagann amach spriocanna d'fhorbairt fiontar mar rothaíocht, siúlóidí agus cinéalacha eile éicea-thurasóireacht.
- A chinntiú go ndéantar leathnú ar an gcoincheap a bhaineann le turasóireacht tuaithe ionas nach bhféachtar uirthi ach mar ioncam breise feirme ach mar earnáil turasóireachta tuaithe-bhunaidh tiomanta a fhéachann cur le ceantair nach bhfuil mórán forbartha orthu.
- A chinntiú go leathnaíonn Bord Fáilte a chóras teastasaithe agus ceadaithe turasóireachta chun scéim teastasaithe turasóireachta tuaithe a áireamh a aithníonn gur rud ann féin é táirge an tuaithe i gcomparáid le cóiríocht uirbeach níos traidisiúnta.
- Nuar atáthar ag cur na hÉireann chun cinn a chinntiú go bhfuil cothromaíocht ag baint le turasóireacht tuaithe a chur chun cinn.

Tá anWDC agus an WDTP páirteach ar an gCoiste Agra-Thurasóireachta/Thurasóireacht Tuaithe a bhunaigh Éamon Ó Cuív, T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta sa bhliain 2003.

[8] Bhunaigh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta an Grúpa Athbhreithnithe maidir le Polasaí Turasóireachta i mí na Nollag 2002 d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar chruthú na turasóireachta gus ar fhéidearthachtaí turasóireacht agus le straitéis a dhréachtadh d'fhorbairt inmharthaineach ar an earnáil san am atá romhainn. Foilsíodh an tuarascáil, *New Horizons for Irish Tourism – An Agenda for Action*, i mí Meán Fómhair 2003. Meastar é a bheith ar an gcáipéis is tábhachtaí agus is údarásaí maidir le polasaí turasóireachta agus le cruthú na turasóireachta le os cionn deich mbliana agus cuireadh plean cuimsitheach maidir le fás agus forbairt thionscal na turasóireachta go ceann deich mbliana i láthair ann.



Riding horses across the Ox Mountain

# Táirgiú Agra-Bhia Orgánaigh



Organically grown food



Organic Centre at Rossivner Co. Leitrim

Tá an WDC chun tosaigh ag leagan béime ar an acmhainn borrtha a léiríonn an earnáil agra-bhia orgánaigh go háirithe i gceantair thuaithe i Réigiún an Iarthair.

D'fhoilsigh Coimisiún Forbartha an Iarthair an Blueprint for Organic Agri-Food Production in the West sa bhliain 2000. Ba é sin an chéad pholasaí agus plean gnímh agra-bhia orgánaigh a beartaíodh in Éirinn. Ó shin i leith, d'oibrigh an WDC i gcomhar leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach d'fhonn cuidiú le forbairt an tionscail.

Chuir obair an WDC le forbairtí dearfacha náisiúnta, an ceann is suntasaí acu ná foilsiú cháipéis Polasaí Náisiúnta Orgánaic agus bunú Grúpa Náisiúnta Stiúrtha Orgánaic. Leanann an WDC ag cinntiú go n-aithnítear riachtanais thionscal agra-bhia an Iarthair ag leibhéal náisiúnta trí ionadaíocht ar an ngrúpa sin agus ar ghrúpaí eile.



Cathal Cowan, *National Food Centre;* Annie Coyne, *IOFGA;*
Cariosa Lynch, *WDC;* Stephen Joyce, *Organic Producer*
at a WDC Organic Workshop in Strokestown Park House.

## Comháil Náisiúnta Orgánaic

Bhí cur chuige páirtnéireachta agus comhdháil arga-bhia orgánaigh ar phéire de na príomh-mholtaí sa Blueprint. Reáchtáil an WDC, Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia Comhdháil Náisiúnta Orgánaic, Present Challenges – Future Opportunities, i bPort Omna, Co. na Gaillimhe, sa bhliain 2003 d'fhonn aird a dhíriú ar na ceisteanna atá roimh earnáil agra-bhia orgánach na hÉireann.

D'fhreastail os cionn 240 táirgeoir orgánach, próiseálaí, miondíoltóir agus ionadaí ó eagrais agra-bhia orgánaigh agus ó fhorais stáit ar an gcomhdháil. Tarraingíodh anuas agus pléadh polasaí, taighde ar thomhaltóirí, deacrachtaí agus deiseanna margaíochta agus brandála d'fheirmeoirí orgánacha. Scrúdaíodh an margadh miondíola argra-bhia orgánaigh ó dhearcadh na hÉireann agus an AE araon.



**Organics Conference 9th October – Portumna, Co. Galway**

Fiona Candon, *Regional Development Executive WDC;*
John Brennan, *Leitrim Organic Farmers Co-op;*
John O'Neill, *Organic Centre Rossinver;*
Noel Tracey – *Minister of State at the Department of Agriculture and Food;*
Stan McWilliams, *North West Organics Co-op;*
David Hawthorne, *North West Organics Co-op;*
Michael Duffy, *Chief Executive Bord Bia;*
Lisa McAllister, *Chief Executive WDC.*

Rinneadh scrúdú, i roinnt staidéir cáis, ar bhealaí traidisiúnta go dtí an margadh, ar nós páirtnéireachtaí idir soláthróirí agus próiseálaithe, agus margaí feirmeoirí, a bhfuil tábhacht leo mar asraonta ag táirgeoirí orgánacha. Thug péire de chomhlachtaí orgánacha na hÉireann, Glenisk agus Kinvara Smoked Salmon, forléiriú ar a gcuid gnó agus samplaí de thionscnaimh bhrandála agus mhargaíochta a raibh an rath orthu. Leag ceardlanna tionscail béim ar na deacrachtaí atá roimh fheirmeoirí orgánacha.

Tá páipéir maidir le torthaí na gceardlann sin curtha faoi bhráid an Ghrúpa Stiúrtha Orgánach Náisiúnta d'fhonn cuidiú le gníomhartha san am atá romhainn a chur chun cinn. Tá gach cur faoi bhráid ag an gcomhdháil ar fáil ag www.wdc.ie



Organically grown tomatoes

## The Western Organic Strategic Initiative (WOSI)

Páirtnéireacht straitéiseach atá i WOSI a dhéanann ceannródaíocht maidir le fás na hearnála orgánaí i Réigiún an Iarthair. Bunaíodh WOSI i mí na Nollag 2001. Is í an earnáil phríobháideach atá chun tosaigh ann agus an WDC ag soirbhiú dó. Ionadaithe ón Northwest Organic Co-operative, Leitrim Organic Co-operative, the Organic Centre, Ros Inbhir, agus the Western Organic Network, a bhfuil baint acu le 234 táirgeoir orgánach i gcontae Ros Comáin, Dhún na nGall, Liatroma, Fhear Manach agus Dhoire a dhéanann bainistíocht air.

D'fhorbair WOSI plean gnó straitéiseach sa bhliain 2003 le tacaíocht ón WDC, LEADER agus Clár Síochána agus Athmhuintiris an AE.

Rinneadh forbairt ar Chlár Oiliúna Réigiúnach chomh maith maidir le Táirgiú Agra-bhia Orgánaigh agus cuireadh tús leis i mí Meán Fómhair 2003 faoin gClár Skillsnet. Fostaíodh comhordaitheoir oiliúna agus oideachais le hoiliúint a sheachadadh agus gréasán táirgeoirí a fhorbairt ar fud an iar-thuaiscirt. Tá luach iomlán de €270,000 leis an gclár.



*background image:* Lough Key

# Ciste Infheistíochta an Iarthair

## Ról Chiste Infheistíochta an Iarthair

Is minic go mbíonn sé deacair ag daoine le smaointe do ghnó inmharthana tacaíocht airgeadais a fháil ó institiúidí móra airgeadais. Tá sin fíor go háirithe san iarthar, áit nach bhfuil traidisiún de lucht fiontraíochta caipitil. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag grúpaí pobail, a thugann faoi thograí a mbeadh buntáistí sóisialacha tábhachtacha astu, ag fáil iasachtaí.

Is mar gheall ar chúiseanna den chineál sin a oibríonn an WDC Ciste Infheistíochta an Iarthair (WIF). Féachann an WIF lena chinntiú go bhfaigheann eagraíochtaí le smaointe do ghnó inmharthana an tacaíocht airgeadais is gá agus cothaítear, ar an gcaoi sin, forbairt eacnamaíochta san iarthar nach móide go dtarlódh sé dá uireasa. Tacaítear le tograí sóisialacha tábhachtacha chomh maith.

Is i líonadh an tséanais sin i gcúrsaí airgeadaithe agus in aimsiú chistí breise suntasacha ó fhoinsí príobháideacha agus poiblí le teann cumas ardaithe an airgid, a fhéadann an WIF ról tábhachtach a bheith aige i bhforbairt eacnamaíochta agus shóisialta an iarthair.

## An WIF go hachomair

Cuireann an WIF caipiteal ghnáthscaireanna agus iasachtaí ar fáil ar bhonn tráchtála. Féachann sé le toradh airgeadais a bhaint amach chomh maith le sochar soch-eacnamaíochta as a chuid infheistíochta agus le scaipeadh cothrom a bheith ar an infheistíocht ar fud réimsí tíreolaíochta, earnála agus saolréanna gnó.

Tá trí fho-chiste ag an WIF:

- **Ciste Infheistíochta Gnó,** chun cuidiú den chuid is mó le gnóthais bheaga agus leathmhóra (SMEs) sárdhamhna
- **Ciste Infheistíochta Áitiúil,** chun tacú le tograí atá bunaithe sa phobal
- **Ciste Infheistíochta do Thograí Speisialta,** a dhíríonn ar thograí ardchlú agus ar thionscnaimh a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar an réigiún.

Tá tacaíocht ag an WIF ó Phainéal Comhairleach an Chiste agus ón gComhphainéal Measúnaithe a bhfuil comhaltaí air ón earnáil phríobháideach, forais stáit, Clann Credo agus an WDC.

# Bliain faoi rath ag an WIF

Bhí bliain den rath an bhliain 2003 ag an WIF. Bhí ardú suntasach ar leibhéal na n-iarratas, na gceadaithe agus na n-íocaíochtaí. Rinneadh íocaíocht d'iomlán de €3.7m i leith 23 togra, ardú ó €1.55m mar gheall ar 14 togra sa bhliain 2002. Ceadaíodh iomlán de €5.7m i leith 27 togra sa bhliain 2003, ardú de 170% ar an leibhéal ceadaithe sa bhliain 2002. Tá iomlán de €2.8m de thiomantas infheistíochta á thabhairt anonn go dtí an bhliain 2004.

Tacaíodh le réimse leathan tograí i rith na bliana 2003, ina measc síolchaipiteal do chomhlacht fheistí bith-mhíochaine atá ag déanamh forbartha ar ionchlannáin bhogfhíochain den chéad chineál eile; caipiteal foráis do chomhlacht a dhéanann dearadh agus táirgíocht ar réimse cártaí gairdis, stáisiúnóireacht shóisialta, táirgí gairdín agus bronntanais; agus airgeadas iasachta maidir le tógáil ionad chúram lae do dhaoine aosacha.

Bhí go leor de na tograí sin nach mbeadh in ann an t-airgead ba ghá a fháil murach an WIF mar gheall nach raibh na sócmhainní riachtanacha nó an cháil cheart orthu do na bancanna. Chomh maith le hairgeadú a chur ar fáil, oibríonn an WIF in éineacht leis na comhlachtaí iarrthóra ar feadh tréimhse fhadtéarmach d'fhonn cuidiú leo a gcuid spriocanna fáis a bhaint amach.


Dáileadh €4m ar an WDC d'infheistíocht WIF sa bhliain 2004 agus is é tuairim an WDC go bhfuil an WIF anois ag tosú ag teacht in inmhe. Mar a bhí i gceist, tá airgead ag tosú ag teacht ar ais isteach sa WIF, rud a chinntíonn tuilleadh airgeadaithe le cur le hacmhainn foráis an iarthair.

## Proxy Biomedical Ltd

CÁS – STAIDÉIR

**Tá éileamh, mar gheall ar dhaonra an domhain a bheith ag dul in aois, ar dheiseanna míochaine a dhéanann cóireáil ar mháchail fhaighte dhíblithe de bharr briseadh síos fíocháin.**

Tá Proxy Biomedical, comhlacht a dhéanann dearadh, forbairt agus táirgíocht ar ionchlannáin mhíochaine ag freastal ar éileamh ardaithe seo an mhargaidh. Tá an comhlacht ag beartú úsáid a bhaint as ábhair agus próisis den fhíorscoth d'fhonn forbairt a dhéanamh ar ionchlannáin bhogfhíocháin ardchaighdeáin den chéad chineál eile le freastal ar an éileamh atá ann do dheiseanna a chuireann dlús leis an mbiseach agus le teacht ar ais sa tsláinte gan cur isteach chomh mór ar an gcolainn. D'fhéadfadh an-ráchairt a bheith ar na táirgí sin ar fud an domhain.




Tá sciar gnáthscaireanna glactha ag an WDC, chomh maith le roinnt infheisteoirí straitéiseacha eile, i Proxy Biomedical le cur ar chumas an chomhlachta fréamhshamhaileanna oibre dá chuid táirgí a fhorbairt. Tá an comhlacht ag tuar go mbeidh suas le 50 duine fostaithe go díreach agus go hindíreach aige, óna lárionad i gCathair na Gaillimhe, taobh istigh de chúig bhliana.

# Infheistíocht a íocaíodh i rith na bliana 2003


D'íoc an WIF €3.7m maidir le 23 togra i rith na bliana. Dáileadh 81% den iomlán sin tríd an gCiste Infheistíochta Gnó agus tugadh an chuid eile mar airgeadas iasachta do ghrúpaí pobail tríd an gCiste Infheistíochta Áitiúil. Íocadh os cionn 70% den iomlán i leith tograí i gceantair thuaithe, mar a shainmhínítear sin sa Straitéis Spáis Náisiúnta.

## Íocaíochtaí i rith na bliana 2003 de réir Contae




| Contae | % an airgeadaithe | Líon Tionscnamh | Suim |
|---|---|---|---|
| An Clár | 4 | 2 | €150,000 |
| Dún na nGall | 25 | 4 | €934,000 |
| Contae na Gaillimhe | 17 | 4 | €629,359 |
| Cathair na Gaillimhe | 17 | 4 | €641,903 |
| Maigh Eo | 16 | 3 | €592,000 |
| Ros Comáin | 6 | 3 | €245,000 |
| Sligeach | 14 | 3 | €509,434 |
| **Iomlán** | **100** | **23** | **€3,701,696** |

## Íocaíochtaí i rith na bliana 2003 de réir Suímh



| | % an airgeadaithe | Líon Tionscnamh | Suim |
|---|---|---|---|
| Bailte Geata agus Bailte Croíphointe | 29 | 7 | €1,066,903 |
| Faoin tuath | 71 | 16 | €2,634,793 |
| **Iomlán** | **100** | **23** | **€3,701,696** |

## Íocaíochtaí i rith na bliana 2003 de réir Earnála




| Earnáil | % an airgeadaithe | Líon Tionscnamh | Suim |
|---|---|---|---|
| Deiseanna Bith/Mhíochaine | 8 | 2 | €283,403 |
| Infrastruchtúr Eacnamaíochta agus Sóisialta | 18 | 5 | €667,000 |
| e-Fhoghlaim | 9 | 1 | €317,000 |
| Bia | 7 | 1 | €250,000 |
| Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide | 18 | 5 | €658,500 |
| Déantúsaíocht agus Seirbhís | 32 | 6 | €1,183,793 |
| Turasóireacht | 9 | 3 | €342,000 |
| **Iomlán** | **100** | **23** | **€3,701,696** |

# Infheistíocht a ceadaíodh i rith na bliana 2003


I rith na bliana 2003, cheadaigh an WDC iomlán de €5.7m ón WIF i leith 27 togra éagsúil. B'infheistíocht scairchaipitil 80% den iomlán agus b'iasachtaí an fuílleach.

## Tograí a ceadaíodh i rith na bliana 2003 de réir Contae



| Contae | % an airgeadaithe | Líon Tionscnamh | Suim |
|---|---|---|---|
| An Clár | 2 | 2 | €125,000 |
| Dún na nGall | 16 | 4 | €934,000 |
| Contae na Gaillimhe | 7 | 2 | €400,000 |
| Cathair na Gaillimhe | 38 | 8 | €2,185,000 |
| Leitroim | 1 | 1 | €35,000 |
| Maigh Eo | 20 | 4 | €1,138,000 |
| Ros Comáin | 4 | 2 | €225,000 |
| Sligeach | 12 | 4 | €689,000 |
| **Iomlán** | **100** | **27** | **€5,731,000** |

## Approvals in 2003 by Sector



| Earnáil | % an airgeadaithe | Líon Tionscnamh | Suim |
|---|---|---|---|
| Deiseanna Bith/Mhíochaine | 21 | 4 | €1,201,000 |
| Infrastruchtúr Eacnamaíochta agus Sóisialta | 18 | 7 | €1,056,000 |
| e-Fhoghlaim | 6 | 1 | €317,000 |
| Bia | 4 | 1 | €250,000 |
| Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide | 16 | 4 | €909,000 |
| Déantúsaíocht agus Seirbhís | 24 | 5 | €1,284,000 |
| Turasóireacht | 12 | 5 | €714,000 |
| **Iomlán** | **100** | **27** | **€5,731,000** |

## Postanna inchruthaithe/inchoinnithe agus cumas ardaithe an chiste

Baineann féidearthacht chruthaithe nó choinnithe níos mó ná 850 post in iomláine leis na tograí ar ceadaíodh nó ar íocaíodh infheistíocht ina leith i rith na bliana 2003. D'fhéadfadh go dtiocfadh iomlán de €19m d'infheistíocht bhreise isteach sa réigiún de bharr chumas ardaithe na hinfheistíochta a ceadaíodh nó a íocaíodh i rith na bliana 2003. Aimsíodh 61% den tsuim sin ón earnáil phríobháideach agus an chuid eile ón earnáil phoiblí.

### CreVinn Teo — CÁS – STAIDÉIR

**Is comhlacht sileacain agus deartha bogearraí é CreVinn Teo. a chuireann seirbhís deartha ar fáil don mhargadh idirnáisiúnta chomh maith le forbairt a dhéanamh ar tháirgí dílseannaigh dá chuid féin sa réimse líonrú sonraí atá bunaithe ar sileacan.**

Tá naonúr fostaithe sa chomhlacht cheana féin agus súil go n-ardóidh sin go dtí 27 sna blianta atá romhainn. Tá clú idirnáisiúnta ar na tionscnóirí i réimse an deartha agus tá conarthaí suntasacha gnóthaithe cheana féin acu ó pháirtithe mór le rá sa mhargadh. Cuirfidh infheistíocht an WDC ar chumas an chomhlachta gnó idirnáisiúnta a fhorbairt óna bhunionad i gConamara.



### Tearmann Éanna Teo — CÁS – STAIDÉIR

**Tá Tearmann Éanna Teo. suite sa Tulach, ceantar tuaithe siar ón Spidéal, Co. na Gaillimhe.**

Cuireann an eagraíocht tithíocht saintógtha agus seirbhísí riachtanacha eile ar fáil don dhaoine aosacha an cheantair. Féachann Tearmann Éanna le cur ar chumas sheandaoine an cheantair tuaithe Gaeltachta leanacht den chónaí ina dtimpeallacht féin leis an nGaeilge, nósanna agus saol na háite.

Chuir an WDC airgeadas iasachta ar fáil maidir le páirtfhorbairt ionad sóisialta agus sláinte d'áitreabhóirí an ionad tithíochta shóisialaí agus do sheandaoine eile atá ina gcónaí i gceantar na Tulaí. Síltear go mbeidh suas le 60 duine ag baint leas as an áis go rialta.



## Páirtnéireacht maidir le hInfheistíocht Shóisialta

Tharla neartú seasta ar chaidreamh an chomhair idir an WIF agus Clann Credo Ltd, ciste infheistíochta shóisialta, i rith na bliana 2003. Tá oifig san iarthar ag Clann Credo chomh maith a soirbhíonn an WDC di faoin socrú comhoibrithe.

Tugadh faoi phróiseas inniúchóireachta shóisialta ar obair an chomhshocraithe i rith na bliana.

## Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire

CÁS – STAIDÉIR

**Is léir gur tionscnamh a raibh buntáiste eacnamaíoch agus sóisialta ag Réigiún an Iarthair uaidh é Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire.**

Tháinig na milliúin paisinéirí go Connachta cheana féin de bharr an aerfoirt a bhfuil aerstráice de 2,300 méadar ar fhaid ann ar féidir scairdeitleáin "jumbo" a thabhairt anuas air. Tá foireann lánaimseartha agus pháirtaimseartha de 95 fostaí ann faoi láthair.

Tá deis shuntasach ann anois Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire a bhunú mar fhiontar tráchtála inmharthana ag feidhmiú i margadh an domhain mhóir. Bheadh de chuspóir leis seo lárphointe don trácht idirnáisiúnta a thabhairt do chósta an iarthair maraon leis na gnóthais thráchtála a rachadh leis. Tháinig méadú suntasach ar na seirbhísí aerfoirt agus ar líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí sceidealaithe agus ar sheirbhísí cairte i rith na bliana 2003.

Is é dearcadh an WDC go gcuirfidh forbairt Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire infrastruchtúr straitéiseach mór-thábhachta ar fáil in iarthar na hÉireann. D'fhéadfadh sé feabhas a chur ar bhealaí isteach agus amach as an réigiún, postanna a chruthú nó a chothú trí infheistíocht dhíreach a mhealladh ón iasacht, cuidiú le gnólachtaí dúchais agus iasachta a bheith inchomórtais agus bonn a chur faoin mborradh ar thionscal na turasóireachta. Go bunúsach, d'fhéadfadh Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire, ach é a bheith lánfhorbartha, iarthar na hÉireann a iompú isteach lár-ionad straitéiseach idir an Eoraip agus na Stáit Aontaithe. I bhfianaise an damhna sin, chuir an WDC airgead infheistíochta ar fáil le cur ar chumas na foirne ag Aerfort Idirnáisiúnta Chnoc Mhuire plean straitéiseach cúig bhliana a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm.



*Bk Row:* Lisa McAllister, *CEO WDC;* Liam Scollon, *CEO Knock Airport;* ?, ?; *Front Row:* Gillian Buckley, *Investment Manager, WDC;* Caroline McHale, *Knock Airport.*

## Parcom Media Ltd

CÁS – STAIDÉIR

**Is comhlacht meáin dhigiteacha é Parcom Media Ltd, atá lonnaithe i gConmhaigh, Co. Dhún na nGall ó 1996, agus a dhíríonn go háirithe ar fhorbairt táirgí e-fhoghlama do chóitseáil spóirt agus táirgí bolscaireachta maidir le turasóireacht spóirt.**

Foilseacháin chóitseála bunaithe ar dhlúthdhioscaí maidir le galf, snúcar agus na cluichí Gaelacha is mó atá sa réimse táirgí, chomh maith le foilseacháin turasóireachta. Bhí an chéad táirge ag an gcomhlacht, Play Better Golf, ar an dlúthdhiosca tagartha spóirt ba mhó díol sa Ríocht Aontaithe taobh istigh de shé mhí dá chur ar an margadh. Tá díol air i níos mó ná dhá mhargadh déag ar fud cúig mór-roinn.

Tá deis shuntasach sa mhargadh do Parcom Media de bharr theacht chun cinn teicneolaíocht DVD. Cuirfidh infheistíocht an WDC ar chumas an chomhlachta buntáiste a bhaint as an deis sin.



## Sligo Folk Park

CÁS – STAIDÉIR

**Sa bhliain 1992, bhunaigh grúpa daoine as Riverstown i gContae Shligigh comhlacht fhiontar phobail, Riverstown Enterprise Development (Sligo) Ltd, ag féachaint le tabhairt faoi roinnt fadhbanna, ina measc bánú na tuaithe, lagan eacnamaíochta agus ardleibhéal dífhostaíochta.**

Ghlac an comhlacht seilbh ar Millview House sa tsráidbhaile d'fhonn iarsmalann talmhaíochta a fhorbairt agus scéimeanna fostaíochta a chur sa siúl ar an suíomh.

I rith shamradh na bliana 2001, tugadh an togra, darbh ainm Sligo Folk Park faoi sin, chun críche. Tá Millview House, roinnt ionaid cheardaíochta, áras iarsmalainne ina bhfuil caifé agus siopa ceardaíochta, seanteach traidisiúnta agus halla taispeántais mór sa pháirc. Chomh maith leis sin, tá nithe eile a ndearnadh athchóiriú orthu ar an láthair ar taispeáint don phobal. D'fhreastail 30,000 cuairteoir ar an bpáirc i rith na bliana 2003.

Úsáidíodh iasacht théarmach an WDC don togra le bonn daingean airgeadais a chur faoin bhfiontar. Chuir sin ar chumas na dtionscnóirí díriú ar aidhmeanna fadtéarmacha na cuideachta agus straitéis inmharthana a chur ar fáil di don am atá romhainn.



Hugh Kelly, *Sligo Folk Park;*
Tracey Hannon, *WDC;*
Gillian Buckley, *WDC;*
Michael Tuohey, *Sligo Folk Park.*

## Willow Design and Publishing Ltd

CÁS – STAIDÉIR

**Déanann Willow Design and Publishing Ltd dearadh, táirgíocht agus margaíocht ar réimse cártaí gairdis, stáisiúnóireacht shóisialta, táirgí gairdín agus bronntanais.**

Bíonn síolta bláthanna fiáine ar ghrád caomhnaithe istigh le go leor de na táirgí le cur ar chumas chustaiméirí na bláthanna a léirítear ar na cártaí agus na hearraí bronntanais a fhás, rud a chuidíonn lena chinntiú go mbíonn gnáthóga ag bláthanna fiáine san am atá romhainn. Tharla deiseanna móra fáis le bliain anuas don chomhlacht a bunaíodh i 1988. Cuideoidh infheistíocht ghnáthscaireanna an WDC le tapú na ndeiseanna.



Willow Design and Publishing Products on display

## Roscommon Home Services Ltd

CÁS – STAIDÉIR

**Eagraíocht dheonach, phobail é Roscommon Home Services a bunaíodh sa bhliain 1996 faoi scéim Deiseanna Nua do Mhná (NOW) an AE.**

Cuireann an grúpa réimse seirbhísí, lena n-áirítear cúram sóisialach, cúram linbh, bainistiú tí, péinteáil agus garraíodóireacht ar fáil do thuismitheoirí aonair agus do dhaoine aosacha atá ina gcónaí ina n-aonar. Seirbhís inti féin i Réigiún an Iarthair atá in Roscommon Home Services agus tá éileamh chomh mór sin uirthi agus go bhfuil an comhlacht ag leathnú isteach i gcontaetha na Gaillimhe agus Mhaigh Eo. Tá leathnú á dhéanamh chomh maith ar réimse na gcliant aige leis an mbord sláinte agus údaráis áitiúla a tharraingt isteach ann. Chuir an WDC airgeadú ar fáil le cur ar chumas na heagraíochta an leathnú a dhéanamh agus an bonn cuí a chur faoi chúrsaí airgeadais.



*Bk Row:* Mary Rafferty, Noreen O'Cpnnor
*Front Row:* Pauline O'Boyle, Veronica Barrett, *Manager*

# Dul chun cinn i gcúrsaí Riaracháin

Rinneadh roinnt athruithe maidir le cúrsaí riaracháin éagsúla i rith na bliana 2003 mar gheall ar riachtanais faoin gCód Cleachtais maidir le Rialúchán Chomhlachtaí Stáit agus ar Choinneáil an Dul chun Cinn chomh maith. Tugtar cuntas ar chur i bhfeidhm na n-athruithe sin thíos.

**Coiste Iniúchóireachta:** Glacadh le Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta i rith na bliana 2003. Ina measc tá athbhreithniú ar an rialúchán inmheánach; athbhreithniú ar an iniúchóireacht inmheánach agus sheachtrach agus athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, chomh maith le haontú le haon athruithe maidir le polasaithe cuntasaíochta. Rinne an Coiste Iniúchóireachta tuairisciú go rialta leis an gCoimisiún i rith na bliana 2003.

**Iniúchóireacht Inmheánach:** I rith na bliana 2003, shocraigh an Coiste Iniúchóireachta, de bharr laghad an WDC, go ndéanfaí an inniúchóireacht inmheánach go seachtrach. Tugadh an próiseas tairiscean maidir le feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí chun críche i rith na bliana.

**Córais Bhainistíochta Airgeadais:** Cuireadh tús le córas bainistíochta airgeadais de chuid an WDC a chur i bhfeidhm ag teannadh le deireadh na bliana 2003 agus táthar ag teacht leis an sprioc é a bheith faoi lánseoil faoi dheireadh na bliana 2004. Déanfaidh an córas éascaíocht d'athbhreithnithe inmheánacha ar chaiteachas ar fud réimse feidhmeanna an WDC agus i leith Chiste Infheistíochta an Iarthair. Bainfidh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí leas as na córais bhainistíochta airgeadais le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh agus lena chinntiú go dtugtar aird ar iniúchóireacht luach an airgid.

**Diúscairt Sócmhainní:** Níor tharla aon diúscairt sócmhainní os cionn na huasteora aontaithe.

**An Cód Cleachtais maidir le Rialúchán Chomhlachtaí Stáit:** Tá glactha leis an gCód Cleachtas (mar is cuí agus ábhartha) ag an WDC agus thángthas leis i rith na bliana 2003.

**Cód Iompair do Stiúrthóirí agus d'Fhostóirí:** Cuireadh le chéile Cóid Iompair Ghnó Scríofa do Stiúrthóirí agus do Fhostóirí an WDC de réir an tsárchleachtais agus tugadh feidhm dóibh i rith na bliana 2003. Shínigh gach comhalta agus gach ball foirne den WDC cóipeanna den Chód Iompair agus táthar ag déanamh dá réir. Tá cóipeanna de Chód Iompair an WDC ar fáil ar láithreán gréasáin an WDC www.wdc.ie

**Plean Gnímh agus Cairt Sheirbhís don Chustaiméir:** Chuir an WDC Plean Gnímh Sheirbhís don Chustaiméir le chéile don tréimhse 2002-2004. Táthar ag coinneáil leis an sprioc Cairt Sheirbhís Dea-Cháilíochta don Chustaiméir a bheith curtha le chéile faoi lár na bliana 2004 ag teacht leis na prionsabail Sheirbhís Chustaiméara den Scoth a bhfuil glactha ag an Rialtas leo.

## Ráiteas faoi Rialú Airgeadais

Western Development Commission
COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

Inmheánach Tá freagracht ghinearálta ar Chathaoirleach Choimisiún Forbartha an Iarthair maidir le córas rialú airgeadais agus monatóireacht ar a éifeachtaí is atá sé.Tá na córais ceaptha d'fhonn cinnteacht réasúnta seachas iomlán a thabhairt in aghaidh míráiteas ábharach nó caillteanas.

D'fhonn an fhreagrach sin a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go dtagtar le reachtaíocht agus rialúcháin, tá struchtúr eagair bunaithe ag an mbord le nósanna imeachta oibriúcháin agus tuairiscithe soiléire, línte freagrachta, údaraithe, scaradh dualgais agus údarás tiomnaithe.

Tá creat láidir rialaithe i bhfeidhm ag Coimisiún Forbartha an Iarthair lena n-áirítear gach réimse rialaithe.Tá na gnéithe seo a leanas mar chuid den chóras rialaithe inmheánach:


- Struchtúr eagair soiléir, agus teorainneacha deimhnithe le húdarás agus modhanna tuairiscithe le leibhéil bhainistíochta is airde agus leis an gCathaoirleach, a thacaíonn le timpeallacht rialaithe tréan a chothú.
- Córais bhuiséadaithe cuimsitheacha le Buiséad Bliantúil arna cheadú ag an mBord.
- Córas cuimsitheach tuairiscithe lena n-áirítear cruthú oibriúcháin agus airgeadais, a tharlaíonn ar bhonn rialta, tráthúil agus a fhéachann lena chinntiú go scrúdaítear easaontais bhuiséid agus go ndéileáiltear leo go pras.
- Réimse cuimsitheach polasaithe agus nósanna imeachta maidir le rialú oibriúcháin agus feidhmiúcháin.

Cé nach ndearnadh athbhreithniú foirmeálta ar an gcóras rialú airgeadais inmheánach i rith na bliana 2003, tá i gceist athbhreithniú dá leithéid a dhéanamh maidir leis an mbliain 2004.

Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair tús le feidhm inniúchta inmheánach sa bhliain 2003.

**Cathaoirleach:** ______________

# Aguisíní



# Aguisín 1:

## Comhaltaí Choimisiún Forbartha an Iarthair sa bhliain 2003

### Cathaoirleach

Mr. Michael Farrell, *Príomhfheidhmeannach, Connacht Gold Co-op, Co. Shligigh*

### Comhaltaí

Mr. Des Mahon, *Bainisteoir Contae, Comhairle Chontae Mhaigh Eo*
An Comhlr Mary Bohan, *Comhalta, Comhairle Chontae Liatroma*
Mr. John McNamara, *Eacnamaí, Co. na Gaillimhe*
An Comhlr Alice Bonnar, *Comhalta, Comhairle Chontae Dhún na nGall*
Ms. Martina Minogue, *Stiúrthóir, E-Training International, Co. an Chláir*
Ms. Tish Gibbons, *SIPTU, Gaillimh*
An Comhlr Pat McGarry, *Comhalta, Comhairle Chontae Ros Comáin*
Mr. Seán Hannick, *BS, Killala Precision Components, Co. Mhaigh Eo*
Mr. Joe Healy, *Feirmeoir, Co. na Gaillimhe*
Mr. Pádraig Ó Caomhánaigh, *Fear Gnó, Co. na Gaillimhe*
Mr. Frank O'Donnell, *Príomhoifigeach, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta**
Mr. Billy Grimes, *Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga, Co. Dhún na nGall^*

* D'éirigh as Bealtaine 2003 ^ Ceapadh Meitheamh 2003

# Aguisín 2:

## Foireann Choimisiún Forbartha an Iarthair

### PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Lisa McAllister, *Príomhfheidhmeannach*

### POLASAÍ

An Dr Patricia O'Hara, *Bainisteoir Polasaí*
Deirdre Frost, *Anailísí Polasaí*
An Dr Helen McHenry, *Anailísí Polasaí (p/a)*
Pauline White[9], *Anailísí Polasaí (ar chonradh)*

### FORBAIRT RÉIGIÚNACH

An Dr Dermot Hurst, *Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí*
Caríosa Lynch, *Feidhmeannach Forbartha Réigiúnaí*
Fiona Candon, *Feidhmeannach Forbartha Réigiúnaí*

### WIF

Gillian Buckley, *Bainisteoir Infheistíochta*
John Allen, *Feidhmeannach Infheistíochta*
Geraldine McLoughlin, *Feidhmeannach Infheistíochta*

### RIARACHÁN

Theresa Higgins, *Ceann Riaracháin*
Breda Joyce, *Oifigeach Airgeadais*
Caroline Coffey, *Oifigeach Cléireachais*
Fiona Regan, *Oifigeach Cléireachais*
Mary Keaveney, *Oifigeach Cléireachais*

[9] Ó mhí Lúnasa 2003

# Aguisín 3:

## Painéal Comhairleach an Chiste

### Cathaoirleach

Michael Farrell, *Príomhfheidhmeannach, Comharchumann Connacht Gold, Co. Shligigh*

### Comhaltaí

Mr. Michael Corless, *Ernst & Young, Gaillimh*
Mr. John Dillon, *Shannon Development, Co. an Chláir*
Mr. Barry Feely, *Feely & Sons Ltd, Co. Ros Comáin**
Ms. Judy Greene, *Judy Greene Pottery, Gaillimh*
Mr. Seán Murray, *Comhairleoir, Co. na Gaillimhe**
Mr. Willie O'Brien, *Enterprise Ireland, Baile Átha Cliath*
Ms. Martina Minogue, *E-Training International, Co. an Chláir*
Mr. Seán Hannick, *BS, Killala Precision Components, Co. Mhaigh Eo*
Mr. John MacNamara, *Eacnamaí, Co. na Gaillimhe^*

* Ar scor sa bhliain2003 ^ Tháinig ina chomhalta sa bhliain 2003

## Comhphainéal Measúnaithe

### Cathaoirligh Babhtála

Gillian Buckley, *Bainisteoir Infheistíochta, Coimisiún Forbartha an Iarthair*
Mr. Paul O'Sullivan, *Príomhfheidhmeannach, Clann Credo Ltd, Baile Átha Cliath*

### Comhaltaí

Mr. Jerry Butler, *Clann Credo Ltd, Baile Átha Cliath*
Mr. Martin Coggins, *East & Company, Sligeach*
An tSr Magdalen Fogarty, *Clann Credo Ltd, Baile Átha Cliath*
Ms. Sue Targett, *Éirí Corca Baiscinn Ltd, Co. an Chláir*
Mr. Pat Cummins, *Saotharlann Connacht Gold, Co. Ros Comáin^*

^ Tháinig ina chomhalta sa bhliain 2003

# Aguisín 4:

## Infheistíocht a Ceadaíodh &/nó a Íocadh sa bhliain 2003

### Tograí Gnó

| Ainm na Cuideachta | Contae | Cinéal Infheistíochta/Suim | Stádas |
|---|---|---|---|
| **Plastic Processing Alternatives (PPA) Teoranta** | Gaillimh | Gnáthscair - €317,435 | An dara sciar íoctha |
| Cur síos | Teicneolaíocht déantúsaíochta maidir le múnlaí plaisteacha | | |
| **Willow Design & Publishing Ltd** | Ros Comáin | Gnáthscair - €150,000 | Íoctha ina Iomláine |
| Cur síos | shóisialta, bronntanais agus earraí gairdín | | |
| **Innovative Science Ltd** | Sligeach | Gnáthscair - €317,434 | Íoctha ina Iomláine |
| Cur síos | Trealamh leighis do shaotharlainn ospidéil | | |
| **Parcom Media Ltd** | Dún na nGall | Gnáthscair - €317,000 | Íoctha ina Iomláine |
| Cur síos | r-Thurasóireacht/Foghlaim | | |
| **Shoebox Technologies Ltd** | Gaillimh | Gnáthscair - €317,000 | An chéad sciar íoctha |
| Cur síos | Bogearra d'idirghabhálaithe Seirbhísí Airgeadais | | |
| **Shoreline Food Enterprises Ltd** | Dún na nGall | Gnáthscair - €250,000 | Íoctha ina Iomláine |
| Cur síos | Bia mara breis luacha | | |
| **Proxy Biomedical Ltd** | Gaillimh | Gnáthscair - €317,000 | An chéad sciar íoctha |
| Cur síos | Deis bhithmhíochaine do chneasú | | |
| **Sidhean Teo.** | Gaillimh | Gnáthscair - €300,000 | Íoctha ina Iomláine |
| Cur síos | Déantús innill dhóiteáin | | |
| **Cora Systems Ltd** | Ros Comáin | Gnáthscair - €75,000 | Íoctha ina Iomláine |
| Cur síos | Bogearra bhainistiú togra | | |
| **Connaught Airport Development Company Ltd** | Maigh Eo | Gnáthscair - €317,000 | Íoctha ina Iomláine |
| Cur síos | Aerfort | | |

# Aguisín 4:

## Investments Approved &/or Disbursed in 2003

### Tograí Gnó

| Ainm na Cuideachta | Contae | Cinéal Infheistíochta/Suim | Stádas |
|---|---|---|---|
| **Hookablemedia Ltd** | Sligeach | Gnáthscair - €317,000 | An chéad sciar íoctha |
| Cur síos | Bogearra monatóireachta do mheáin chumarsáide chraoltóireachta | | |
| **Crevinn Teo.** | Gaillimh | Gnáthscair - €317,000 | An dara sciar íoctha |
| Cur síos | Dearadh sileacain | | |
| **Eirnet Technologies Ltd** | Gaillimh | Gnáthscair - €200,000 | An chéad sciar íoctha |
| Cur síos | Bogearra mhonatóireachta pharlaiminte | | |
| **MASSN Medical Ltd** | Maigh Eo | Gnáthscair - €250,000 | An chéad sciar íoctha |
| Cur síos | Uamanna liachta | | |
| **Cora Tine Teo.** | Dún na nGall | Gnáthscair - €317,000 | Íoctha ina Iomláine |
| Cur síos | Feidhmchláir gnó maidir le réiteach neadaithe ar an idirlíon | | |
| **FMC Tech Ltd** | Gaillimh | Gnáthscair - €317,000 | Ceadaithe |
| Cur síos | Córas rialaithe/monatóireachta do ghréasáin leictreachas mheán-voltais | | |
| **JMD Holdings Ltd** | Maigh Eo | Gnáthscair - €317,000 | Ceadaithe |
| Cur síos | Ionad Spá Sócamach | | |
| **Zerusa Ltd** | Gaillimh | Gnáthscair - €317,000 | Ceadaithe |
| Cur síos | Deiseanna míochaine | | |
| **Brivant Ltd** | Gaillimh | Gnáthscair - €317,000 | Ceadaithe |
| Cur síos | Deiseanna míochaine | | |
| **Smirsh Ltd** | Sligeach | Iasacht - €80,000 | Ar ceal (Eiríodh as an tiomantas don togra seo sa bhliain 2003 mar níor tharraing lucht a chur chun cinn an t-airgeadú) |
| Cur síos | Togra Eice-Thurasóireachta | | |
| **Anecto Ltd** | Gaillimh | Gnáthscair - €200,000 | Ar ceal (Eiríodh as an tiomantas don togra seo sa bhliain 2004 mar níor tharraing lucht a chur chun cinn an t-airgeadú) |
| Cur síos | Fo-chonraitheoir leictreonaic agus seirbhísí tástála | | |

# *Appendix 4: (continued)*

## *Investments Approved &/or Disbursed in 2003*

**Tograí Pobail**

| Ainm na Cuideachta | Contae | Cinéal Infheistíochta/Suim | Stádas |
|---|---|---|---|
| **Roscommon Home Services Ltd** | Ros Comáin | Iasacht - €20,000 | íoctha |
| Cur síos | Seirbhísí cúram baile | | |
| **Tearmann Éanna Teo** | Gaillimh | Iasacht - €100,000 | íoctha |
| Cur síos | Ionad cúram lae do sheandaoine | | |
| **Kilkee Waterworld Ltd** | An Clár | Iasacht - €100,000 | íoctha |
| Cur síos | Saoráid turasóireaachta uisce | | |
| **IRD North Mayo-West Sligo Ltd T/A Moy Valley Resources** | Maigh Eo | Iasacht - €254,000* | An chéad sciar íoctha |
| Cur síos | Ionad fiontraíochta pobail | | |
| **County Sligo Agricultural Museum & Rural Heritage Park Ltd** | Sligeach | Iasacht - €42,000 | íoctha |
| Cur síos | Ionad turasóireachta | | |
| **Glenties Industrial Development Co Ltd** | Dún na nGall | Iasacht - €50,000 | íoctha |
| Cur síos | Ionad fiontraíochta pobail | | |
| **Kilmaley Voluntary Housing Association** | An Clár | Iasacht - €50,000 | íoctha |
| Cur síos | Saoráid phobail | | |
| **Children's Discovery Museum Ltd** | Gaillimh | Iasacht - €200,000 | íoctha |
| Cur síos | Iarsmalann saintógtha do leanaí | | |
| **Traein Bóthair Chill Chaoi** | An Clár | Iasacht - €75,000 | Ceadaithe |
| Cur síos | Traein turasóirí | | |
| **Arrow Community Enterprises (ACE) Ltd** | Sligeach | Iasacht - €250,000 | Ceadaithe |
| Cur síos | Ionad staidéir allamuigh náisiúnta | | |
| **North Leitrim Glens Development Company** | Liatroim | Iasacht - €35,000 | Ar ceal (Eiríodh as an tiomantas don togra seo sa bhliain 2003 mar níor tharraing lucht a chur chun cinn an t-airgeadú) |
| Cur síos | Ionad ealaíne pobail | | |

* Ceadaíodh €196,000 sa bhreis sa bhliain 2002